



**COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH**

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2008 (02.04)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2006/0142 (COD)**

5588/08

LIMITE

**VISA 19
CODEC 79
COMIX 54**

NÓTA

ó:	an Uachtaránacht
chuig:	Meitheal Oibre Víosáí
Uimh. an Tog. ón gCoim.:	11752/1/06 VISA 190 CODEC 771 COMIX 662 + ADD 2 (ga)
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí

Gheobhaidh toscaireachtaí san Iarscríbhinn téacs Airteagail 1 go 49 agus Iarscríbhinní I go XIII den dréacht-Rialachán, mar a d'eascair sé as pléití a rinneadh sa Mheitheal Oibre Víosáí/sa Choiste Measctha¹.

¹ Leagtar amach toradh na bpléití ag an Meitheal Oibre Víosáí/ag an gCoiste Measctha maidir leis na hairteagail agus leis na hianscríbhinní thuas i ndoiciméid 13611/06, 15660/1/06, 6060/2/07 + COR 1 + COR 2, 8245/07, 9502/07, 11831/1/07 + COR 1, 12666/07, 15303/07 agus 16127/07.

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 62(2) (a) agus (b) (ii) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh²,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 61 den Chonradh, ba cheart go ngabhfadh beartais a bhaineann le rialuithe teorainneacha seachtracha, le tearmann agus le hinimirce le bunú limistéir ina mbeadh deis saorghluaiseachta ag daoine ann.
- (2) Faoi Airteagal 62(2) den Chonradh, caithfear, le bearta a bhaineann le trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát, rialacha a bhunú maidir le víosaí do thréimhsí fanachta atá beartaithe nach faide ná trí mhí, mar shampla na nósanna imeachta agus na coinníollacha faoina n-eiseodh Ballstáit víosaí.

¹ IO C, , lch.. .

² IO C, , lch. .

- (3) Maidir le beartas víosa, tá bunú "corpais chomhchoitinn" reachtaíochta, go háirithe trí chomhdhlúthú agus trí fhorbairt an acquis (forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985¹ a chur i bhfeidhm agus na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha²), ar cheann de na heilimintí bunúsacha a bhaineann le "tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcomhbheartas víosa mar chuid de chóras ilsrathach a mbeadh sé de chuspóir aige taisteal dlisteanach a éascú agus dul i ngleic leis an inimirce mhídhleathach trí bhreis comhchuibhithe a dhéanamh ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chleachtais láimhseála i misin chonsalacha áitiúla", mar a shainmhínítear é i gClár na Háige: saoirse, slándáil agus ceartas a neartú san Aontas Eorpach³.
- (4) Ba cheart go ndéanfaí ionadaíocht ar Bhallstáit chun críocha víosaí sna tríú tíortha uile a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir ceanglas víosaí. Féadfaidh siad a chinneadh gur gá iarratais ar víosaí ó náisiúnaigh ó thríú tíortha sonracha nó iarratais ar chineál áirithe víosa a dhéanamh go díreach ag buanphost consalach nó ag misean taidhleoireachta an Stáit arb é príomhcheann scríbe an iarratasóra é.
- (5) Tá an comhar consalach áitiúil fíor-riachtanach chun an comhbheartas víosa a chur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus chun measúnú cuí a dhéanamh ar riosca imirceach. De thairbhe na ndifríochtaí idir imthosca áitiúla, ba cheart go ndéanfaidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát i suímh ar leith cur i bhfeidhm oibríochtúil d'fhorálacha reachtacha áirithe a mheas óir ní amháin go bhféadfadh difríochtaí i gcur i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla "siopadóireacht víosaí" a spreagadh ach d'fhéadfaí go gcuirfí cóir éagsúil ar iarratasóirí ar víosaí dá bharr chomh maith.
- (6) Is gá rialacha maidir leis an idirthuras trí limistéir idirnáisiúnta aerfort a leagan amach chun dul i ngleic le hinimirce neamhdhlíthiúil. Dá réir sin ba cheart go mbeadh sé de cheanglas ar náisiúnaigh ó liosta coiteann de thríú tíortha víosaí idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu, rud a chuirfeadh deireadh leis an deis atá ag Ballstáit an cineál sin víosa a éileamh ar náisiúnaigh ó thríú tíortha eile.

¹ IO L 230, 22.9.2000, lch. 19.

² IO C 326, 22.12.2005.

³ IO C 53, 3.3.2005.

- (7) Nuair a bhíonn Ballstát ina óstach ag na Cluichí Oilimpeacha agus ag na Cluichí Para-Oilimpeacha, ba cheart go mbeadh feidhm ag scéim ar leith a d'éascódh víosaí a eisiúint do bhaill den Teaghlach Oilimpeach.
- (8) Féadfar le comhaontuithe déthaobhacha a tugadh i gcrích idir an Comhphobal agus tríú tíortha a bhfuil sé d'aidhm acu próiseáil iarratas ar víosaí gearrfhanachta a éascú imeacht ó na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (9) Ba cheart go ndéanfaí na socruithe chun fáilte a chur roimh iarratasóirí le lánurraim do dhínit an duine. Ba cheart go ndéanfaí iarratais ar víosaí a phróiseáil ar bhealach gairmiúil measúil agus ar bhealach a bheadh comhréireach leis na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal réasúnta agus go gcomhlíonann sí dea-chleachtais riaracháin. Chuige sin ba cheart dóibh líon iomchuí comhaltaí foirne oilte a chur ar fáil mar aon le dóthain acmhainní.
- (11) Céim mhór i dtreo eilimintí nua a úsáid is ea comhtháthú na n-aitheantóirí bithmhéadracha, agus bunaíonn sé nasc níos iontaofa idir sealbhóir an víosa agus an pas lena seachnófaí céannachtaí bréagacha. Dá bhrí sin ba cheart go mbeadh láithreacht iarratasóir an víosa go pearsanta - don chéad iarratas ar a laghad - ar cheann de na buncheanglais chun víosa a eisiúint le clárú aitheantóirí bithmhéadracha sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS); níor cheart go gceadófaí d'iarratasóirí céaduaire iarratais a dhéanamh trí idirghabhálaithe tráchtála, amhail gníomhaireachtaí taistil.

- (12) Ba cheart roghanna nua chun oifigí consalacha a eagrú, amhail comhlonnú, ionaid choiteanna iarratais agus foinsiú allamuigh a thabhairt isteach chun iarratais ar víosaí a ghlacadh agus chun bithmhéadracht a ghabháil. Ba cheart creat dlíthiúil iomchuí a bhunú do na roghanna sin, agus maidir le cosaint sonraí go háirithe. Ba cheart go mbunófaí na foirmeacha comhair chonsalaigh seo i ndianchomhlíonadh na bprionsabal ginearálta chun víosaí a eisiúint, ag urramú na gceanglas cosanta sonraí a leagtar amach i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.
- (13) Ba cheart go dtiocfadh an t-iarratasóir i láthair i bpearsa an chéad uair a chlárófaí na haitheantóirí bithmhéadracha. D'fhonn éascaíocht a dhéanamh do phróiseáil aon iarratais a dhéanfaí ina dhiaidh sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta sonraí bithmhéadracha a chóipeáil ón gcead iarratas laistigh de thréimse 48 mí ag cur na tréimhse coinneála atá leagtha amach san VIS san áireamh. Tar éis na tréimhse sin ba cheart go ndéanfaí na haitheantóirí bithmhéadracha a ghabháil an athuair.
- (14) Is modh tábhachtach monatóireachta ar ghluaiseachtaí imirceacha iad sonraí staidrimh agus d'fhéadfaí leas a bhaint astu mar uirlis éifeachtach bainistíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtiomsófaí na sonraí sin san fhormáid chéanna go rialta.
- (15) Ba cheart go bhforálfai do nós imeachta a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin rialacha praiticiúla sonracha áirithe a oiriúnú a rialódh eisiúint víosaí gearrfhanachta. Sna cásanna seo, ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh de bhun Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún¹.

¹ IO L 184, 17.9.1999, lch. 23.

- (16) Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán i bhfeidhm go comhchuibhithe ar leibhéal oibríochta, ba cheart teoracha a dhréachtú maidir leis an gcleachtas agus maidir leis na nósanna imeachta ar gá do mhisin taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha na mBallstát a chomhlíonadh nuair a bheidh iarratais ar víosaí a bpróiseáil acu.
- (17) Ó tharla go bhfuil an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an gCóras Faisnéise Víosaí agus i ndáil le malartú sonraí idir Bhallstáit maidir le víosaí gearrfhanachta (dá ngairtear "Rialachán VIS" anseo feasta) bunaithe ar an reachtaíocht reatha, ba cheart é a leasú chun na hathruithe atá déanta ar an reachtaíocht a bhaineann leis an VIS a chur san áireamh.
- (18) Maidir le cuspóirí an ghnímh atá beartaithe, ba chóir a mheabhrú go bhfuil sé de chumhacht ag an gComhphobal agus fiú d'oibleagáid air, faoi Airteagal 62(1) agus (2)(b) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (ECT), bearta a ghlacadh maidir le rialacha i leith víosaí do thréimhsí fanachta nach faide ná trí mhí. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (19) Urramaíonn an Rialachán seo cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go sainráite sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (20) De mhaolú ar Airteagal 299 den Chonradh, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le críocha na Fraince nó maidir le críocha na hÍsiltíre seachas na críocha atá acu san Eoraip, ós rud nach cuid den limistéar nach bhfuil teorainneacha inmheánacha ann iad na críocha thar sáile.
- (21) Na coinníollacha a rialaíonn dul isteach i gcríoch na mBallstát nó eisiúint víosaí, ní dhéanann siad difear do na rialacha reatha a rialaíonn aitheantas bailíochta do dhoiciméid taistil.

- (22) Ionas go mbeidh údaráis na mBallstát in ann ullmhú do chur chun feidhme an Rialacháin seo, níor chóir go dtosódh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí sé mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, cé is moite d'Airteagal 46 (Coisteolaíocht) agus d'Airteagal 47 (fógraí ó Bhallstáit).
- (23) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le Seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh an Rialachán seo ina cheangal ar an Danmhairg nó ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen faoi fhorálacha Theideal IV de Chuid a Trí den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ba chóir, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Phrótacal sin, go gcinneadh an Danmhairg laistigh de thréimhse sé mhí tar éis an dáta a nglacfar an Rialachán seo cé acu an gcuirfear chun feidhme ina dlí náisiúnta é nó a mhalairt.
- (24) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin i dtaca le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen¹ a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin².
- (25) Ní mór socrú a dhéanamh a ligfidh d'ionadaithe de chuid na hÍoslainne agus na hIorua comhlachas a bheith acu le hobair na gcoistí a chabhróidh leis an gCoimisiún i bhfeidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme faoi mar a tharlóidh faoin Rialachán seo. Pléadh socrú den sórt sin sa Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal agus an Íoslainn agus an Iorua³, atá i gceangal leis an gComhaontú thuasluaite. Chuir an Coimisiún dréachtmholadh faoi bhráid na Comhairle d'fhonn idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an socrú seo.

¹ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

² IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

³ IO L 176, 10.7.1999, lch. 53.

- (26) Maidir leis an Eilvéis, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a síníodh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise i dtaca le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen¹, a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Chinneadh 2004/860/CE² ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe seo, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach forálacha áirithe den Chomhaontú sin³.
- (27) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i gcuid d'fhorálacha acquis Schengen⁴. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (28) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192 92/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i gcuid d'fhorálacha acquis Schengen⁵. Dá réir sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (29) Forálacha atá sa Rialachán seo, seachas Airteagal 22 de, a thógann ar acquis Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile acu leis laistigh de bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹ Doic. 13054/04 ón gComhairle a bhfuil rochtain air ag <http://register.consilium.eu.int>

² IO L 370, 17.12.2004, lch. 78.

³ IO L 368, 15.12.2004, lch. 26 agus OJ L 370, 17.12.2004, lch. 78.

⁴ IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.

⁵ IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

TEIDEAL I: Forálacha ginearálta

Airteagal 1¹

Cuspóir agus raon feidhme

1. Sa Rialachán seo leagtar síos na rialacha do phróiseáil iarratas ar víosaí i leith tréimhsí fanachta a bheartaítear i gcríoch na mBallstát, nach faide ná trí mhí laistigh d'aon tréimhse sé mhí.
2. Beidh feidhm ag na rialacha seo maidir le haon náisiúnach tríú tír, a gcaithfidh víosa a bheith aige agus na teorainneacha seachtracha á dtrasnú aige de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001², gan dochar don méid seo a leanas:
 - (a) na cearta saorghluaiseachta atá ag náisiúnaigh tríú tíortha ar baill teaghlaigh de shaoránaigh de chuid an Aontais iad³,
 - (b) na cearta coibhéiseacha a theachtann náisiúnaigh tríú tíortha, a bhfuil cearta saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais agus a gcuid teaghlach faoi chomhaontuithe idir an Comhphobal agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus idir an Comhphobal agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile³.
3. Sainmhínítear leis an Rialachán seo freisin liosta⁴ na dtríú tíortha a dteastaíonn víosa idirthurais aerfoirt óna náisiúnaigh agus leagtar síos leis na rialacha do phróiseáil iarratas ar víosaí d'idirthuras tríd na limistéir idirthurais idirnáisiúnta in aerfoirt na mBallstát.

¹ SE: scrutiny reservation.

² IO L 81, 21.3.2001, lch. 1.

³ COM emphasised that paragraphs a) and b) only referred to existing rights of these categories of persons and did not create any new ones. COM would be willing to clarify the text if need be.

⁴ FR suggested the following formulation of this paragraph as this delegation was not in favour of introducing one single list of third countries whose nationals require ATVs: "3. This Regulation also defines the lists of third countries whose nationals require an airport transit visa and establishes the rules for processing visa applications for transit through the international transit areas of Member States' airports."

Airteagal 2¹
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "náisiúnach tríú tír" aon duine nach saoránach de chuid an Aontais é, de réir bhrí Airteagal 17(1) den Chonradh;
- (2) ciallóidh "víosa" údarú arna eisiúint ag Ballstát d'fhonn:
 - (a) dul isteach² sa Bhallstát sin nó i líon Ballstát ar feadh tréimhse beartaithe fanachta nach faide ná trí mhí san iomlán³;
 - (b) dul isteach ar idirthuras trí chríoch an Bhallstáit sin nó trí chríoch líon Ballstát; nó
 - (c) dirthuras a dhéanamh tríd na limistéir idirthurais idirnáisiúnta in aerfoirt Bhallstáit.
- (3) Ciallaíonn "víosa aonfhoirmeach" víosa atá bailí do chríoch iomlán na mBallstát, agus ar ceann díobh seo a leanas é:
 - (a) "víosa gearrfhanachta" (víosa de chineál "C") a thugann teideal don sealbhóir fanacht ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí in aon tréimhse sé mhí ón dáta a rachaidh sé isteach den chéad uair i gcríocha na mBallstát⁴;
nó

¹ **SE**: scrutiny reservation.

² Responding to queries from **AT** and **PT** who wished to include the fact that mere possession of a visa does not confer automatic right of entry, **COM** recalled that that principle was a right flowing from the issued visa and should not be contained in the definition. The principle is covered by Article 24 of the draft Visa Code.

³ Replying to a question from **AT**, who wished to add a reference to multi-annual visa, **COM** noted that this definition had been copied for Regulation 539/2001. **HU** wished to add a reference to double-entry visa.

⁴ **HU** found that there ought to be a reference to the number of entries in the same way as in the definition of a transit visa. **COM** would reflect on this.

- (b) "víosa idirthurais"¹ (víosa de chineál "B") a thugann teideal don sealbhóir, agus é ag taisteal ó thríú tír amháin go tríú tír eile, dul trí chríocha na mBallstát uair amháin, dhá uair, nó, go heisceachtúil, líon mór uaireanta, agus nach faide aon idirthuras díobh ná cúig lá.
- (4) ciallaíonn "víosa a bhfuil bailíocht chríochach teoranta aici" (víosa de chineál "LTV B" nó "LTV C") víosa gearrghanachta² a thugann teideal don sealbhóir fanacht nó idirthuras a dhéanamh i gcríoch an Bhallstáit a eisiúnn í nó fanacht nó idirthuras a dhéanamh i gcríoch líon Ballstát³.
- (5) ciallaíonn "víosa idirthurais aerfoirt" (víosa de chineál "A") víosa a cheanglaítear a bheith ag náisiúnaigh ó thríú tíortha áirithe chun idirthuras a dhéanamh trí limistéir idirthurais idirnáisiúnta in aerfoirt na mBallstát, mar eisceacht ó phrionsabal an tsaor-idirthurais a leagtar síos in Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.
- (6) ciallaíonn "doiciméad taistil aitheanta" doiciméad taistil arna eisiúint ag tríú tír, a gcaithfidh a náisiúnaigh víosa a bheith acu agus na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, agus arna aithint ag na Ballstáit chun críocha víosaí a ghreamú de⁴.
- (7) ciallaíonn "greamán víosa" an fhormáid aonfhoirmeach do víosaí mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 í agus riocht fisiciúil na víosaí mar a shainmhínítear i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 é.

¹ **FR**, supported by **AT**, was of the opinion that the distinction between visa "B" and "C" was artificial and noted that the distinction added an element of unnecessary complication in practice. **FR** found that after the flat rate handling fee had been introduced there was no justification for maintaining the distinction. **COM** would be open to convincing arguments for abolishing the "B" visa, but was surprised that this issue was only raised now, given the problems described by the two delegations.

² **SK** suggested the following formulation of this paragraph:
 "(4) "visa with limited territorial validity" (type "LTV B" or "LTV C" visa) means a short-stay **and transit** visa entitling the holder only to stay in or transit through the territory of the issuing Member State or several Member States."

³ **COM** confirmed that even if an LTV was issued on the basis of the lack of recognition by one Member State of the applicant's travel document, the LTV issued – although allowing the holder to travel to 14 member states, it would not be a "uniform" visa in the sense of the definition in Article 2(3).

⁴ **COM** recognised that this definition did not cover travel documents issued by for instance international organisations and would reflect upon a better formulation. **HU** suggested that if this definition were to remain in the text reference should be made to the various organisations etc issuing travel documents as well as to "holders" of these documents rather than "nationals".

- (8) ciallaíonn "leathán ar leith le haghaidh víosa a ghreamú de" an fhormáid aonfhoirmeach do na foirmeacha a ngreamaítear an víosa díobh a eisíonn na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu nach n-aithníonn an Ballstát a dhréachtaigh an fhoirm, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 í¹ ².

¹ **HU** found that the definition should also refer to the use of the separate sheet, when the applicant's passport has no more free pages to affix the visa. **COM** noted that this practical aspect was known, but that in the definition had to stick to the title of the Regulation

² **HU** suggested that the following definition be added "**consulate**": "**diplomatic mission or consular post entitled to issue uniform visas**" in order to avoid having to use the long formulation throughout the text.

TEIDEAL II: Iarratais ar víosaí a fháil agus a phróiseáil

Caibidil I

Na húdaráis a ghlacfaidh páirt i bpróiseáil iarratas ar víosaí

Airteagal 3

Na húdaráis atá inniúil ar iarratais ar víosaí a phróiseáil

1. Gan dochar d'Airteagal 37, ní bheidh ach misin taidhleoireachta nó poist chonsalacha¹ na mBallstát i dteideal iarratais ar víosaí a phróiseáil.

¹ **BE** wished to add a reference to central authorities as these are involved as well and in charge of extending visas in the Schengen territory. **NO**, **SE**, **NL**, **AT**, **DK** and **LT** supported this suggestion, whereas

FR noted that extension of visas of persons already present in the Schengen territory should be distinguished from issuance of entry visas.

EE wondered whether "processing" was not a too general term. **PL** warned against mixing up "central authorities" and "competent authorities".

FR recalled that in French DOM-TOM did not belong to the Schengen territory and that prefectures were in charge of issuing visas in these locations. **COM** agreed that a provision should be added to cover this situation, but suggested that such text might fit better in Title V "Final Provisions".

COM maintained that diplomatic missions and consular posts are responsible for the processing of visa applications and drew delegations' attention to the articles that specifically referred to cases where central authorities were involved in the processing: Articles 6, 8, 9 and 28. A cross reference to these provisions could be added in the text. As far as **COM** was concerned the draft Regulation only contained one exception from the principle set out in Article 3 (1), i.e. Article 37 ("outsourcing").

BE, **DK**, **SE** and **NO** did not find that such cross reference would cover all cases. **IT** was not in favour of such specification and found that the current wording was adequate as diplomatic missions and consular posts are the ones who process visa applications although consulting central authorities during the processing.

FR found that it could be useful to introduce a clear distinction between the different parts of the handling of visa applications: submission, processing, issuance.

AT noted that Austrian authorities cannot extend visas in Austria. In case such a request be made, a full examination of the application starts from scratch. **COM** referred to the existing Schengen acquis in relation to extension of visa which is applicable to all Member States applying that acquis and reminded delegations that the Visa Code will be directly applicable in Member States.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis a bheidh freagrach as seiceálacha ar dhaoine, i gcásanna eisceachtúla, víosaí gearrfhanachta agus víosaí idirthurais a eisiúint ag an teorainn [...] ¹.

Airteagal 4

Inniúlacht chríochach

1. Déanfaidh náisiúnaigh tríú tíortha iarratas ar víosa ag misean taidhleoireachta nó ag post consalach Ballstáit sa tír ina bhfuil cónaí ² orthu ^{3 4}.

¹ **DK, PL, BE, SE, LT, NL** and **AT** wondered whether the reference to seafarers was necessary. The **Chair** suggested that this reference be deleted. **COM** could accept this. **NL** could accept such deletion but did not agree that issuance of visa to seafarers at the border be considered as an exception: **NL** suggested that text to this effect be added somewhere in the draft Code that "short stay and transit visa maybe issued to seamen at the border."

² **CZ** suggested to add "legal" in order to ensure that only legally residing persons can apply for a visa.

³ **HU** suggested to insert "or origin" and add the following:
"The consulate located in the applicant's country of origin has to consult (by e-mail, fax) with the consulate located in the applicant's country of residence, if there is such consulate."
SI and **AT** supported the first part of the suggestion.
COM noted that the word "country of residence" has been chosen deliberately as it has both a legal and practical meaning contrary to "country of origin".

⁴ **LT** mentioned that all Schengen States were not present in all third countries and therefore applicants might be forced to apply for a visa in a country other than his/her country of residence, because a diplomatic mission or consular post might cover a jurisdiction of several countries and the text should take account of such situations as well. **COM** would reflect on how to express this.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh náisiúnaigh tríú tíortha, a bheidh i láthair go dleathach i dtríú tír seachas an tír ina bhfuil cónaí orthu, iarratas ar víosa a thaisceadh sa tríú tír sin. Caithfidh na hiarratasóirí sin bonn cirt a thabhairt¹ le haghaidh an t-iarratas a bheith á taisceadh sa tír sin agus ní fhéadfaidh aon amhras a bheith ann faoi rún a bheith ag an iarratasóir filleadh² ar an tír ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Sa chás sin, féadfar³ dul i gcomhairle le misean taidhleoireachta nó le post consalach sa tír ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir nó le húdaráis láir an Bhallstáit eisiúna.

Airteagal 5

An Ballstát a bheidh freagrach as iarratas ar víosa a phróiseáil

1. Is é an misean taidhleoireachta nó an post consalach a bheidh freagrach as iarratas ar víosa gearrfhanachta a phróiseáil:
- (a) misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit ar ina chríoch atá ceann scríbe aonair nó príomhcheann scríbe⁴ na cuairte suite⁵, nó
 - (b) mura bhféadfar an Ballstát ina bhfuil an príomhcheann scríbe a chinneadh, misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit a mbeartaíonn an t-iarratasóir a theorainn sheachtrach a thrasnú d'fhonn dul isteach i gcríoch na mBallstát.

¹ **IT** wondered what "justification" referred to and found that it was superfluous as the applicant would always have to have a valid reason for applying for a visa.

² **NL** wondered whether it was appropriate to refer to "doubts about the intention to return to the country of residence", as this is not listed as a ground for refusal

³ **BE** and **DE** were of the opinion that this requirement should remain mandatory. **COM** recalled that the current rules required such consultation only in case of doubt. **IT** found this paragraph redundant as it describes what is current practice. **COM** recalled that the draft Regulation sets out the rights and obligations of visa applicants, and the rules should be spelt out.

⁴ **AT** and **DE** did not find this definition satisfactory. **COM** noted that the text of the CCI was merely practical guidelines but if Member States wished some of the elements to be added, COM would be open to suggestions. **BE** wished to maintain the wording of Part II, section 1.1, a) and b), emphasising that such specification ought to be inserted into the legal instrument rather than contained in the separate "Instructions". Such addition would "legally" clarify which Member State mission would be responsible for examining a given visa application.

⁵ "When the Member State responsible for processing the application does not have a consulate in the applicant's country of residence, the applicant may apply for a visa at any consulate of the Member State concerned."

Nuair a dhéanfar iarratas ar víosa do dhul isteach iolrach, is é Ballstát an ghnáthchinn scríbe¹ a bheidh freagrach as an iarratas a phróiseáil. Ní eiseofar víosaí den sórt sin ach sa tír ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir².

2. Is é an misean taidhleoireachta nó an post consalach a bheidh freagrach as iarratas ar víosa idirthurais a phróiseáil:
 - (a) i gcás idirthurais trí Bhallstát amháin, misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit lena mbaineann; nó
 - (b) i gcás idirthurais trí níos mó ná Ballstát amháin, misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit a mbeartaíonn an t-iarratasóir a theorainn seachtrach a thrasnú le tús a chur leis an idirthuras.
3. Is é an misean taidhleoireachta nó an post consalach a bheidh freagrach as iarratas ar víosa idirthurais aerfoirt³ a phróiseáil:
 - (a) i gcás idirthurais aerfoirt amháin, misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit ar ina chríoch atá an t-aerfort idirthurais; nó
 - (b) i gcás idirthuras dhá aerfort nó idirthurais ilaerfoirt, misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit ar ina chríoch atá an chéad aerfort idirthurais⁴.

/

¹ **IT** and **PT** found that this wording problematic. **NL** suggested that this me changed to "main destination". **COM** recalled that the second paragraph of Article 5 was not covered in the current acquis and the reason for adding a reference to "usual destination" was to give concrete expression to the main destination in the case of an application for a multiple entry visa.

² **NL** wished to delete "only in the applicant's country of residence, as business travellers would often be compelled to apply for a visa outside their country of residence. **COM** maintained that the diplomatic mission in the applicant's country of residence would always be the most appropriate for examining the application and was of the opinion that business travellers would plan trips well in advance. However, should the need arise for applying elsewhere than in one's country of residence, Article 4 (2) would apply.
SI and **HU**: scrutiny reservation. **BE** and **DE** wished to maintain the text, **DE** adding that flexibility must be added in relation to multiple entry business visa. **FR** suggested this addition: "unless special circumstances apply"

³ Cf.: **FR** comment in introduction, page 2

⁴ **BE** and **FR** gave examples of how this formulation could give rise to problems of interpretation and wished the text to be clarified. **COM** would reflect on these practical aspects but referred delegations to the definition of an "internal flight" in the "Schengen Borders Code" (Article 2 (3)).

Airteagal 6

Inniúlacht maidir le víosaí a eisiúint chuig náisiúnaigh tríú tíortha a bheidh i láthair go dleathach laistigh de chríoch Ballstáit

Déanfaidh náisiúnaigh tríú tíortha a bheidh ag fanacht go dleathach i gcríoch Bhallstáit, gan cead cónaithe de chuid an Bhallstáit sin a bheith ina seilbh, a cheadóidh dóibh taisteal gan víosa a bheith ina seilbh dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)(b) agus in Airteagal 34(1)(a) de Chód Teorainneacha Schengen, agus a bhfuil cúiseanna acu, agus bonn cirt leo, le taisteal chuig Ballstát eile tugtha acu, iarratas ar víosa ag misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit chinn scríbe.

Airteagal 7

Socruithe maidir le hionadaíocht

1. Gan dochar d'Airteagal 5, féadfaidh misean taidhleoireachta nó post consalach Ballstáit comhaontú go ndéanfaidh sé ionadaíocht do Bhallstát eile maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta, ar víosaí idirthurais agus ar víosaí idirthurais aerfoirt a phróiseáil. Sonróidh an socrú ré na hionadaíochta, mura bhfuil inti ach ionadaíocht shealadach, agus na nósanna imeachta maidir leis an socrú sin a fhoirceannadh, mar aon le socruithe maidir leis an bhféidearthacht go soláthródh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó áitreabh, foireann agus íocaíochtaí.

Féadfar a fhoráil leis na socruithe déthaobhacha sin go ndéanfaidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici iarratais ar víosaí ó aicmí áirithe de náisiúnaigh tríú tíortha a tharchur chuig údarais an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó le haghaidh comhairle roimh ré, dá bhforáiltear in Airteagal 9(3).

- [2. Féadfaidh Ballstát ionadaíocht a dhéanamh freisin do Bhallstát amháin eile nó níos mó chun iarratais a fháil agus chun aitheantóirí bithmhéadracha a chlárú, agus chun na gcríoch sin amháin. Déanfar comhaid agus sonraí a fháil agus a tharchur chuig an bpost consalach a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó agus na rialacha ábhartha cosanta sonraí agus slándála á n-urramú.]¹

¹ Níor scrúdaíodh an mhír seo mar is cuid í den togra ar leith a leasaíonn an CCI, atá faoi scrúdú faoi láthair.

3. Cuirfidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó socruithe nua maidir le hionadaíocht, nó socruithe foirceannadh den sórt sin, in iúl don Choimisiún trí mhí ar a dhéanaí¹ sula dtiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm nó sula bhfoirceannfar é.
4. Cuirfidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici ar an eolas, go comhuaineach², misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát eile agus toscaireacht an Choimisiúin Eorpaigh sa dlínse lena mbaineann, an tráth a gcríochnófar na socruithe maidir le hionadaíocht agus an tráth a dtiocfaidh na socruithe sin i bhfeidhm³.
5. Déanfaidh misean taidhleoireachta nó post taidhleoireachta an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici [...] ⁴ na rialacha uile maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta, ar víosaí idirthurais agus ar víosaí idirthurais aerfoirt⁵ a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh agus beidh feidhm ag na tráthanna eisiúna a leagtar amach in Airteagal 20(1).

¹ **PT** found this provision problematic, as such representation might be necessary in situations of emergency. **FR, AT, IT, BE, DK** and **NL** wished to delete the reference to 3 months. **COM** emphasised that it was important to increase the transparency of the visa policy and for applicants to know where they should apply for a visa (the 3 months period corresponds to the deadline set for applying for a visa (cf Article 10 (1)), and moreover experience had shown that Member States often notify agreements of representation several months after they have entered into force. As for notification of "temporary representation", **COM** would not be opposed to reformulate the text, but wondered whether this would be necessary as such ad hoc representation seemed to be very rare. As major sports events are planned a long time in advance notification on temporary representation related to such events could be made according to the deadline proposed in the text.

² **COM** noted that a more vague term had been chosen for the representing Member State to inform other diplomatic missions locally.

³ The **Chair** suggested to add: "and when they terminate" in order for this provision to be parallel to the provision in paragraph 3. **COM** approved this addition.

⁴ **BE** found this sentence redundant and suggested that it be deleted. **COM** could accept that.

⁵ Replying to a question from **HU**, **COM** noted that due to their specific nature, it would not seem appropriate that this type of visa be issued in representation.

6. Nuair a bheidh sé beartaithe ag misean taidhleoireachta nó ag post consalach an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici diúltú d'iarratas, cuirfear an comhad iomlán [faoi bhráid údaráis láir]¹ an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó chun go ndéanfaidh siad an cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas roimh dheireadh na teorann ama a leagtar amach in Airteagal 20(1).
7. Má chinneann misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici comhoibriú le hidirghabhálaithe tráchtála nó fochonraitheoireacht a dhéanamh ar chuid de phróiseas láimhseála na víosaí², cumhdóidh na socruithe sin iarratais a láimhseáiltear tri bhíthin ionadaíochta freisin. Cuirfear údaráis láir an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó ar an eolas go cuí roimh ré, áfach³.

¹ Some delegations (NL, AT, PT) expressed concern about the implication of this provision. FI suggested to replace the text in square brackets by the following: "sent to the nearest regional embassy". Thus the obligation to motivate refusals (cf. Article 23) would be done by the represented Member State, which would make possible appeal procedures easier. SE and SI supported this suggestion. BE found the suggestion good but maintained a scrutiny reservation. EE supported the Finnish suggestion but noted that this should only be an option as it would not make sense to transmit all this when all information would be stored in the VIS.

DK and LT preferred the original proposal.

IT wondered why this would be necessary as the representing Member State should take upon itself to take all decisions in relation to applications.

FR recalled that the problem with "refusals in representation" arise in the case of dispute, as national rules govern appeal etc. However, since the introduction of the handling fee to be paid upon application, additional problems had been created. FR could accept that not too voluminous files be transmitted to central authorities, and suggested that this be an option in order to maintain as many solutions as possible.

COM maintained that this was a legal problem and not one of trust when it came to negative decisions on visa applications and referred to examples of unsatisfactory situations encountered on the ground where applicants were not formally refused but advised to contact the nearest mission of the represented Member State which might be situated far away. Therefore, COM maintained the text, acknowledging that transfer of files would be facilitated by VIS. COM drew delegations' attention to Article 19 (1) which introduced the concept of "inadmissibility" of applications, noting that this might be an element that would reduce the scale of the problems related to representation.

² NL wondered what the difference was between the cooperation with commercial intermediaries and outsourcing was.

³ COM informed delegations that this paragraph had been added because of practical experience in New Delhi ("TM 2004"), but suggested that this paragraph be examined, once the separate proposal amending the CCI had been dealt with.

IT could not accept that the represented Member State should have a say on the way the representing Member State organised its consular post, recalling that the system of representation is based on works on a voluntary basis. AT supported this point of view.

Airteagal 8

Comhairle roimh ré le húdaráis láir na mBallstát féin

1. Féadfaidh Ballstát a cheangal ar a mhisin taidhleoireachta nó ar a phoist chonsalacha dul i gcomhairle¹ lena údarás láir sula n-eiseofar víosaí do náisiúnaigh de thríú tíortha áirithe nó d'aicmí sonracha de náisiúnaigh den sórt sin.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na tríú tíortha ar ina leith a cheanglaítear dul i gcomhairle maidir lena náisiúnaigh, nó maidir le haicmí áirithe dá náisiúnaigh.

2. Ní dhéanfaidh an chomhairle sin dochar don teorainn ama² a leagtar amach in Airteagal 20(1) le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar víosaí³.
3. Má dhéanann Ballstát ionadaíocht do Bhallstát eile de bhun Airteagal 7(1), seolfaidh údaráis láir an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aici an chomhairle dá bhforáiltear i mír 1.

¹ **PL** suggested that border control authorities when issuing visa should not be obliged to carry out such consultation. **COM** suggested that this matter be raised in relation to Article 32, if necessary.

² **IT** found the formulation too vague and suggested this text: "within the time limits set out in...".

³ **HU** and **DE** found that this would not allow enough time to carry out necessary checks. **COM** referred to the explanatory memorandum (11752/1/06, page 8-9).

Airteagal 9¹

Comhairle roimh ré le húdaráis láir Bhallstát eile agus faisnéis roimh ré a thabhairt dóibh

1. Féadfaidh Ballstát a cheangal ar údaráis láir Bhallstát eile dul i gcomhairle lena údaráis láir sula n-eiseoidh siad víosaí do náisiúnaigh tríú tíortha sonracha nó d'aicmí sonracha de náisiúnaigh den sórt sin.

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na tríú tíortha ar ina leith a cheanglaítear dul i gcomhairle maidir lena náisiúnaigh, nó maidir le haicmí sonracha dá náisiúnaigh².

¹ Alternative text submitted by **HU** after the meeting on 14-15.11.2006:

HU suggests that the "simplified" consultation as proposed in paragraph 3 becomes general practice and suggests reformulating the first three paragraphs of Article 9, by changing the order of the paragraphs as follows:

"1. A Member State may require that its central authorities be informed of visas issued by diplomatic missions or consular posts of other Member States to nationals of specific third countries or to specific categories of such nationals.

*The third countries in respect of whose nationals or specific categories of **nationals such information is required shall be as set out in Annex II.***

*2. A Member State **may furthermore** require the central authorities of other Member States to consult its central authorities before issuing visas to nationals of specific third countries or specific categories of such nationals.*

*The third countries in respect of whose nationals or specific categories of nationals **such consultation is required are marked by (*) in Annex II.***

3. The central authorities consulted shall react within three working days of receiving the request. The absence of a reply from the consulted authorities within this deadline shall be deemed an authorisation for the consulting central authorities to allow their diplomatic mission or consular post to issue the visa."

- ² **COM** recalled that currently these lists are not available to the public, but had proposed that they be published for the sake of transparency and such disclosure might also make Member States more cautious about adding third countries for which consultation was required. **FR, NL** and **IT** were not in favour of making this information publicly available because of the likely negative political repercussions. **COM** noted that a final compromise might be to keep secret who had launched the request for prior consultation but to publish the list of third countries subject to such consultation. However, this provision should also be examined in the light of the introduction of mandatory motivation of refusals.

2. Gníomhóidh na húdaráis láir a rachfar i gcomhairle leo laistigh de thrí¹ lá oibre² ón lá a bhfaighidh siad iarratas. Mura bhfaighfear freagra ó na húdaráis a ndeachthas i gcomhairle leo laistigh den teorainn ama seo, measfar gur údarú an méid sin do na húdaráis láir a bheidh tar éis dul i gcomhairle ligean dá misean taidhleoireachta nó dá bpost consalach an víosa a eisiúint³.
3. Féadfaidh Ballstát a cheangal nach gcuirfear a údaráis láir ar an eolas ach maidir le víosaí a eiseoidh misin taidhleoireachta nó poist chonsalacha Ballstát eile chuig náisiúnaigh tríú tíortha sonracha nó chuig aicmí sonracha de náisiúnaigh den sórt sin. Cuirtear (*) leis na tríú tíortha a n-éilítear an faisnéis sin i leith a náisiúnach in Iarscríbhinn II⁴.
4. Déanfar comhairle roimh ré agus tabharfar faisnéis roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán VIS Uimh.⁵.

¹ **BE** and **IT** found this deadline too short, other delegations suggested different deadlines: 5 working days (**NL**), 7 working days (**SK**, **PL**). **FR** wondered why current deadlines could not be maintained.
COM recalled that the current system does not function well and it has been stated at several occasions that only in extremely few cases a response was given by the consulted Member State. In addition previous attempts to change the system had revealed that in many cases Member States merely wish to be informed and therefore the distinction between "consultation" and "information" had been introduced. The **Chair** recalled that sometimes the prolonged issuing times give rise to political problems.

² A number of delegations wondered what 3 working days meant.
⁶ **COM** will check whether a reference to Art.10(1)(j) is needed here as **SI** suggested.

Caibidil IV

Tréimhse bailíochta víosa a eisíodh a mhodhnú

Airteagal 28¹

Fadú

1. Fadófar² tréimhse bailíochta agus/nó ré fanachta víosa gearrfhanachta nó víosa idirthurais a eisíodh, ar iarratas ón sealbhóir má bhíonn ar a chumas cruthúnas a sholáthar ar force majeure, ar chúiseanna daonnúla, ar chúiseanna tromchúiseacha gairme agus/nó ar chúiseanna pearsanta³.
2. Ní bheidh de thoradh ar fhadú víosa dá bhforáiltear i mír 1, i gcúinsí ar bith, go n-athrófar cineál na víosa nó ré an fhanachta ar faide í ná trí mhí (gearrfhanacht) nó 10 lá (idirthuras).
3. Mura gcinneadh an t-údarás riaracháin a fhadóidh an víosa a mhalairt, beidh an bhailíocht chríochach chéanna ag an víosa fhadaithe agus a bhí ag an víosa bhunaidh.
4. Is é údarás riaracháin an Bhallstáit a mbeidh náisiúnach an tríú tír i láthair ar a chríoch tráth a mbeidh iarratas ar fhadú á dhéanamh aige a bheidh inniúil ar víosa a fhadú.

Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na húdaráis a bheidh inniúil as víosaí a fhadú.

¹ **EL, AT and PT** entered a general reservation on the whole article. **EL** asked what is meant by "force majeure and humanitarian reasons". **FR** wondered why the applicant for the extension of a visa should not be obliged to prove her/his personal resources where the applicant for a visa is. **BE** entered a scrutiny reservation. **SI** asked whether the procedure was due to apply when the visa is applied for at the border. **COM** would consider this.

² **NL, SK, AU, PT, NO, IT and FR** suggested "may" instead of "shall".

³ **HU** suggested to maintain only the last "reasons" and to delete the previous ones and asked what the form of the request should be (oral, written). Moreover, **HU** suggested to add a wording to cover the case where the extension could be applicable "ex officio". The **Chair** proposed to split paragraph 1 in two to cover two different situations:

1) extension for force majeure and humanitarian reasons

2) extension for serious occupational reasons and/or personal reasons where the conditions would have to be proved.

COM will consider these suggestions.

5. Déanfar táille EUR 30¹ a mhuirearú as víosa a fhadú.
6. Is i bhfoirm stampa² a dhéanfar fadú ar na víosaí aonfhoirmeacha, a thiocfaidh leis an eiseamláir a leagtar amach in Iarscríbhinn XI. Greamóidh an t-údarás inniúil a shéala díobh freisin.
7. Iontrálfar faisnéis faoi víosaí a fadaíodh san VIS i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán VIS.

Airteagal 29

Neamhniú

1. Féadfaidh³ na dreamanna seo a leanas víosa a neamhniú:
 - (a) an misean taidhleoireachta eisiúna nó an post consalach eisiúna d'fhonn cosc a chur ar an sealbhóir ó dhul isteach ar chríoch na mBallstát, más léir tar éis an víosa a eisiúint nach gcomhlíonann an sealbhóir na coinníollacha a bhí mar bhonn cirt d'eisiúint na víosa,
 - (b) na húdaráis rialaithe teorann i gcomhréir le forálacha Airteagal 13(1) agus le hIarscríbhinn V, Cuid A, (2) de Chód Teorainneacha Schengen.
2. Iontrálfar san VIS faisnéis faoi víosaí a neamhníodh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán VIS.
3. Má dhéanann údaráis rialaithe teorann Ballstáit seachas an Ballstát eisiúna víosa a neamhniú de bhun mhír 1(b), cuirfear in iúl don Bhallstát eisiúna gur neamhníodh a víosaí.

¹ **NL** suggested to fix the amount in an annex so that it can be smoothly amended. **COM** wished to maintain it in the body of the text meaning that a legal procedure would have to be followed in case the amount is to be changed.

² Several MS challenged the stamp solution and would prefer the sticker for safety reasons. **COM** noted that the sticker solution would mean that every authority competent to deliver the extension would have to have blank stickers at their disposal.

³ **PL** and **HU** suggested to replace "may be" by "shall be".

Airteagal 30

Víosa a chúlghairm

1. Féadfar víosa a chúlghairm sna cásanna seo a leanas:
 - (a) ag an misean taidhleoireachta eisiúna nó ag an bpost consalach eisiúna ar iarratas ón sealbhóir agus sa chás sin ní mór stampa a ghreamú den ghreamán víosa ag léiriú gur ar iarratas ón sealbhóir a cúlghaireadh an víosa;
 - (b) ag na húdaráis inniúla tar éis don sealbhóir dul isteach i gcríoch na mBallstát, mura gcomhlíonann an sealbhóir na coinníollacha maidir le dul isteach a thuilleadh mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chód Teorainneacha Schengen iad¹.
2. Iontrálfar san VIS faisnéis faoi víosaí a cúlghaireadh i gcomhréir le hAirteagal 11² den Rialachán VIS.
3. Má chúlgaireann údaráis inniúla Ballstáit seachas an Ballstát eisiúna an víosa de bhun mhír 1(b), cuirfear in iúl don Bhallstát eisiúna gur cúlghaireadh a víosaí³.

¹ **COM** agreed with **NL** that a reference to a stamp was necessary as in (a).

² **COM** indicated that the correct reference was to Article 13.

³ **COM** emphasised that as no automatic alert was issued by the VIS after information had been entered into, it would be advisable to inform the issuing Member State but could agree to delete this obligation if needed.

Airteagal 31

Ré fanachta a údaraíodh le víosa a chiorrú

1. Féadfaidh na húdaráis rialaithe teorann¹ a chinneadh go gcorrófar ré an fhanachta a údaraíodh le víosa² má shuítear nach bhfuil modh leordhóthanach cothabhála³ ag an sealbhóir don ré fanachta a bhí beartaithe ar dtús⁴.
2. Iontrálfar san VIS faisnéis faoi chiorrú ré an fhanachta a údaraíodh le víosa, i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán VIS.

Caibidil V

Víosaí a eisítear ag teorainneacha seachtracha

Airteagal 32

Víosaí a eisítear ag teorainneacha seachtracha

1. Ní fhéadfar víosaí gearrfhanachta nó víosaí idirthurais a eisiúint ag teorainneacha seachtracha ach amháin i gcás ina mbeidh na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh⁵:
 - (a) i gcás ina gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1) de Chód Teorainneacha Schengen;
 - (b) i gcás nach raibh deis ag an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar víosa roimh ré;

¹ EE suggested to replace "Border control authorities" by "Authorities that supervise immigration".

² NL, PL and DE asked how to proceed in practice for the purpose of recording the decision to shorten the duration of the visa.

³ LU and SI stressed that checking the means of support would be difficult for border guards. COM reminded delegations that this check was already foreseen in the Schengen system (SCH/Com-ex (93) 24) and is also applicable in accordance with the Schengen Borders Code. NO informed that its authorities could withdraw the visa if this condition was not fulfilled anymore.

⁴ On the request of several delegations COM will define precisely how the decision about the shortening of the visa must be made in practice (visa to be revoked, issuing a new visa sticker).

⁵ FR suggested to add "in exceptional cases".

- (c) i gcás ina dtíolacfaidh an t-iarratasóir doiciméid tacaíochta a thugann bunús le mórchúiseanna dul isteach nárbh fhéidir iad a thuar¹; agus
- (d) go meastar gur cinnte go bhfillfidh an t-iarratasóir ar a thír bhunaidh nó ar a thír idirthurais trí Stáit nach Ballstáit iad a bhfuil acquis Schengen á chur i bhfeidhm go hiomlán acu.
2. I gcás ina ndéanfar iarratas ar víosa ag an teorainn sheachtrach, tarscaoilfear an ceanglas go mbeadh árachas liachta taistil ag an iarratasóir².
3. De réir mar is iomchuí, féadfaidh víosa a eiseofar ag teorainn sheachtrach a bheith ina
- (a) víosa gearrfhanachta chun dul isteach uair amháin, a thabharfaidh teideal don sealbhóir fanacht ar feadh uastréimhse 15 lá sna Ballstáit go léir; nó
- (b) víosa idirthurais chun dul isteach uair amháin, a thabharfaidh teideal don sealbhóir fanacht ar feadh ré nach faide ná 5 lá, víosa a bheidh bailí do gach Ballstát.
4. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1) de Chód Teorainneacha Schengen, féadfaidh na húdaráis a bheidh freagrach as an víosa a eisiúint ag an teorainn, víosa a eisiúint a mbeidh bailíocht chríochach teoranta aici do chríoch an Bhallstáit eisiúna amháin, i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(a).

¹ **BE, NL, MT** suggested to merge (b) and (c).

² **EE, LU, FI, LV** were of the opinion that the applicant should still be obliged to prove that he benefits a travel medical insurance (TMI). **EE** intended to forward a proposal for a new drafting.

5. I bprionsabal, ní eiseofar víosa ag an teorainn chuig náisiúnach tríú tíre a bheidh sa chatagóir daoine a gceanglaítear réamhchomhairliúchán a bheith ann maidir leo, i gcomhréir le hAirteagal 9.

I gcásanna eisceachtúla, áfach, féadfar víosa a eisiúint chuig daoine den sórt sin ag an teorainn i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(b) a mbeidh bailíocht chríochach theoranta aici, do chríoch an Bhallstáit a d'eisigh an víosa agus don chríoch sin amháin.

6. Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Airteagal 23 agus in Iarscríbhinn IX maidir le bonn cirt¹ agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhiúltuithe agus maidir leis na féidearthachtaí achomharc a dhéanamh².

Airteagal 33³

Víosaí a eiseofar chuig maraithe⁴ idirthurais ag an teorainn sheachtrach

1. Féadfar víosa idirthurais a eisiúint chuig maraí a bhfuil de cheanglas air víosa⁵ a bheith ina sheilbh agus é ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 32(1) agus

(b) i gcás ina mbeidh sé ag dul trasna na teorann a bheidh i gceist chun dul ar bord loinge, chun dul ar bord loinge an athuair nó chun teacht i dtír ó long a mbeidh sé ag obair uirthi nó a raibh sé ag obair uirthi mar mharaí⁶.

¹ **DE** entered a scrutiny reservation.

² **SE, FI, DE, AT, SK, PL, EE, LT** entered a scrutiny reservation. **FR** suggested to delete this paragraph. **BE** and **NL** emphasised the risk of possible dual application of the Borders Code and the Visa Code on the same scope.

³ **EL** and **CY** entered a reservation.

⁴ **SK** asked whether there is a distinction to be made between seamen and seafarers.

⁵ **FI** and **DE** are of the opinion that the possibility of issuing collective visas should be foreseen. **COM** is not favourable to keeping this kind of visas.

⁶ **PT** was of the opinion that it should be left open to Member States to allow seamen to disembark without a visa and proposed to add the following drafting at the end of this point "...or for the purpose of a licence to go ashore." **COM** took note of the proposal. **BE** warned that the PT proposal could constitute an example of incompatibilities between the FAL Convention and EC Law in relation to the seamen, which was on the agenda of SCIFA/Mixed Committee on 21 November 2007.

2. Sula n-eiseoidh siad víosa ag an teorainn chuig maraí idirthurais, comhlíonfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta na rialacha a shonraítear in Iarscríbhinn XII, Cuid 1, agus cinnteoidh siad gur malartaíodh an fhaisnéis is gá maidir leis an maraí a bheidh i gceist trí bhíthin foirme comhlánaithe le haghaidh maraithe idirthurais, mar a shonraítear in Iarscríbhinn XII, Cuid 2¹.
3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 32(3), (4) agus (5)².

¹ **NO** asked whether seamen have to hold both a passport's number and a seamen book. **COM** replied that Annex XII, Part 2 had been taken out from Regulation (EC) No 415/2003 and that the Member States have been applying this Regulation since then without any problem. **COM** is ready to amend the drafting if necessary.

² On the request of BE and NL, **COM** proposed to add a reference to 32(2) and (6).

TEIDEAL III: Bainistíocht riaracháin agus eagrú

Airteagal 34¹

Eagrú na rannán víosaí

- 1². Beidh na Ballstáit freagrach as³ rannáin víosaí a gcuid misean taidhleoireachta agus a bpost consalach⁴ a eagrú.

Ionas nach dtiocfaidh meath ar leibhéal na foraireachta agus ionas nach gcuirfear brú ar leibhéal áitiúil ar an bhfoireann, bunófar uainscéim do chomhaltaí foirne a bheidh ag déileáil go díreach le hiarratasóirí. Gan dochar do chaighdeán na seirbhísí nó don eolas ar thascanna, déanfar uainiú ar an bhfoireann gach sé mhí⁵ ar a laghad. Tabharfar aird ar leith ar struchtúir shoiléire oibre a bheith ann agus ar fhreagrachtaí a leithdháileadh/a roinnt go glan maidir le cinntí críochnaitheacha a dhéanamh faoi iarratais ar víosaí. Ní bheidh rochtain ar an VIS agus ar an SIS agus ar fhaisnéis eile a bheidh faoi rún ach ag comhaltaí cuí-údaraíthe buana den fhoireann ar easaoránaigh iad⁶. Glacfar bearta cuí chun rochtain neamhúdaraíthe ar bhunachair sonraí den sórt sin a chosc.

¹ SE entered a reservation on the whole article.

² NL entered a reservation.

³ COM proposed to change the lay-out in order to have "Member States shall be responsible" covering the provisions of the whole article.

⁴ NL and SI proposed to replace "diplomatic missions and consular posts" by Visa authorities throughout the text.

⁵ NL, BE, SE, SK, EE, PT, DK, NO, EL, FR, CY and FI were of the opinion that a 6 months period is too short and stressed that rotation is sometimes impossible when there is only one person. LV and IT agreed on the principle of rotation but stressed on the need for flexibility in applying that principle. LU proposed to delete the two first sentences of this subparagraph. FR suggested to delete the whole subparagraph.

⁶ NL, BE, SE, SK, DK and FI proposed to replace "duly authorised expatriate permanent staff members" by "duly authorised staff" as in VIS Regulation. LU was of the opinion that the choice should be left up to the Member State concerned. LT proposed to delete the term "expatriate".

2. Beidh stóráil agus láimhseáil na ngreamán víosa faoi réir beart dianslándála chun an chalaois agus an caillteanas a sheachaint¹. Clárófar greamáin víosa a eisíodh agus greamáin víosa a cuireadh ar ceal araon².
3. Coimeádfaidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát cartlanna ina mbeidh cóipeanna páipéir de na hiarratais ar víosaí. I ngach comhad beidh an fhoirm iarratais, cóipeanna de na doiciméid ábhartha tacaíochta, taifead de na seiceálacha a rinneadh agus cóip den víosa a eisíodh³, ionas go mbeidh an fhoireann in ann an cúlra a bhí leis an gcinneadh a rinneadh faoin iarratas a athchruthú, más gá. Coinneofar na comhaid aonair go ceann cúig bliana i gcás ina n-eiseofar víosa agus i gcás ina ndiúltófar í⁴.

¹ **SK** and **FR** proposed to delete the first sentence, finding it too technical to be introduced here.

² **DE** found the paragraph too technical for a legal text. It should appear in the Manual Handbook. Moreover **DE** added that the list of visa stickers and the stickers themselves should be stored apart to avoid the loss of information about the visa No. in case of theft.

³ **NL, DE, DK, BE** and **LV** were of the opinion that a copy of the visa is unnecessary because it is already stored in VIS.

⁴ **EE, HU** and **SE** did not agree with the requirements contained in this paragraph. **SE, DK, NO, BE, LV** and **PT** wanted to have "copies" only instead of "paper copies". **SK** agreed with Commission proposal and proposed some flexibility on the question of electronic or paper copies. Moreover **SK** is of the opinion that the end of the first subparagraph is not needed. **COM** emphasised that delegations had opposed an electronic copy to be made in the framework of the discussions of the VIS Regulation. The **Chair** stressed on the need for keeping the paper form because it contains the signature of the applicant by which she/he recognises that the information given in the form is correct. **SE, NL, DK, BE, LV** and **CZ** found 5 years a too long period. **LT** stressed that a difference should be made between negative decisions on visa applications (5 years would be fine) and positive decisions (a shorter period should be foreseen). **FR** entered a scrutiny reservation on the whole paragraph. **NL, DE** and **BE** asked when the counting period starts: at the date of approval, date of application...? **COM** replied it should be on the date of the decision taken. **HU** stated that the wording about invalidated, revoked, cancelled, refused visas should be aligned. **COM** agreed to rectify it. **BE** entered a scrutiny reservation on the principle of keeping documents when the visa is issued.

**Acmhainní chun iarratais ar víosaí a phróiseáil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar
mhisin taidhleoireachta agus ar phoist chonsalacha**

1. Cuirfidh na Ballstáit líon leordhóthanach de chomhaltaí foirne iomchuí ar fáil chun na tascanna a bhaineann le hiarratais ar víosaí a sheoladh, ar chaoi agus go n-áiritheofar go ndéileálfar go héifeachtach agus ar leibhéal comhchuibhithe le hiarratais agus le hiarratasóirí ina misin taidhleoireachta agus ina bpoist chonsalacha². Ba cheart d'aon áitreabh riachtanais iomchuí feidhmiúla na leormhaitheasa a shásamh agus bearta slándála iomchuí a cheadú.
2. Cuirfidh údaráis láir na mBallstát oiliúint leormhaith ar na comhaltaí foirne easaoránacha agus ar na comhaltaí foirne a bheidh fostaithe go háitiúil agus beidh siad freagrach as faisnéis iomlán, bheacht, a bheidh cothrom le dáta a chur ar fáil faoin dlí ábhartha Comhphobail agus faoin dlí ábhartha náisiúnta.
3. Cinnteoidh údaráis láir na mBallstát go ndéanfar monatóireacht rialta leormhaith ar an gcaoi a bpróiseálfar na hiarratais ar víosaí agus glacfaidh siad gníomhartha ceartúcháin nuair a bhraitear aon chlaontaí ó na forálacha.

¹ **FR** and **NL** proposed to delete the whole article.

² **CZ** emphasised that recommendations should be made about the number of employees to be hired in relation to the level of difficulties the staff could encounter given the level of illegal migration in the place concerned. **PL** was of the opinion that a acceptable work burden and remuneration must be addressed in relation to consulates confronted with a high level of illegal immigration. **IT** found it too hard to insert that kind of information in a legal document. **BE** referred to Recital 10 of the proposal for the Regulation and stated that was sufficient to address the matter. **COM** insisted on the importance of maintaining those provisions, especially the terms "sufficient numbers" for the EP in relation to the need for outsourcing.

Airteagal 36¹

Iompar na gcomhaltaí foirne a mbeidh iarratais ar víosaí á bpróiseáil acu

1. Áiritheoidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát go gcuirfear fáilte chúirtéiseach roimh na hiarratasóirí.
2. Léireoidh comhaltaí foirne na gconsalachtaí meas ar dhínit an duine agus iad i mbun a ndualgas. Beidh aon bhearta a ghlacfar i gcoibhneas leis na cuspóirí a bheidh á saothrú leis na bearta sin.
3. Fad a bheidh a dtascanna á gcomhlíonadh acu, ní dhéanfaidh an fhoireann chonsalach leatrom ar dhaoine bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéis.

Airteagal 37

Cineálacha comhair maidir le hiarratais ar víosaí a fháil

Féadfaidh na Ballstáit na cineálacha seo a leanas comhair a dhéanamh:

- (a) an "comhlonnú": próiseálfaidh comhaltaí foirne ó phoist taidhleoireachta agus ó mhisin chonsalacha ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit na hiarratais (lena n-áirítear na haitheantóirí bithmhéadracha) a sheolfar chucu ag post consalach agus ag misean taidhleoireachta Ballstáit eile agus roinnfidh siad trealamh an Bhallstáit sin. Comhaontóidh na Ballstáit lena mbaineann maidir le ré an chomhlonnaithe agus maidir leis na coinníollacha a bhaineann lena fhoirceannadh agus maidir leis an táille riaracháin a bheidh le fáil ag an mBallstát a mbeidh a phost taidhleoireachta nó a mhisean consalach á úsáid.

¹ NL, FR, IT, EE and SK entered a reservation arguing this is not to be kept in legal provisions but rather in recitals.

- (b) "Ionaid Choiteanna Iarratais": cuirfear foirne phoist taidhleoireachta agus mhisin chonsalacha dhá Bhallstát nó níos mó i dteannta a chéile in aon fhoirgneamh amháin chun na hiarratais ar víosaí (lena n-áirítear na haitheantóirí bithmhéadracha) a sheolfar chucu a fháil. Treorófar na hiarratasóirí chuig an mBallstát a bheidh freagrach as an iarratas ar víosa a phróiseáil. Beidh comhaontú idir na Ballstáit maidir le ré an chomhair seo agus maidir leis na coinníollacha a bhaineann lena fhoirceannadh, chomh maith le comhaontú faoi na costais a roinnt idir na Ballstáit a bheidh rannpháirteach. Beidh Ballstát amháin freagrach as na conarthaí maidir le loighistic agus maidir le caidreamh taidhleoireachta leis an tír óstach.
- (c) Comhar le soláthróirí seachtracha seirbhíse: i gcás, ar chúiseanna a bhaineann leis an láthair a mbeidh an post consalach lonnaithe inti, nach iomchuí an misean taidhleoireachta nó an oifig chonsalach a threalmhú chun aitheantóirí bithmhéadracha a ghabháil/ a bhailiú nó chun comhlonnú a eagrú nó chun Ionad Coiteann Iarratais a eagrú, féadfaidh Ballstát nó líon Ballstát dul i gcomhar le soláthraí seachtrach seirbhíse chun iarratais ar víosaí (lena n-áirítear aitheantóirí bithmhéadracha) a fháil. I gcás den sórt sin, fanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann faoi dhliteanas as comhlíonadh na rialacha cosanta sonraí maidir le hiarratais ar víosaí a phróiseáil.

Airteagal 38

An comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha

1. Is san fhoirm seo a leanas a bheidh an comhar le soláthraithe seachtracha seirbhíse:
 - (a) feidhmeoidh an soláthraí seachtrach seirbhíse mar lárionad glaonna a sholáthróidh faisnéis ghinearálta faoi na ceanglais maidir le hiarratas a dhéanamh ar víosa agus beidh sé i bhfeighil chóras na gcoinní; agus/nó

- (b) cuirfidh an soláthraí seirbhíse seachtrach faisnéis ghinearálta ar fáil faoi na ceanglais a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar víosa, baileoidh sé na hiarratais, na doiciméid tacaíochta agus na sonraí bithmhéadracha ó iarratasóirí ar víosa agus baileoidh sé an táille láimhseála (dá bhforáiltear in Airteagal 16) agus tarchuirfidh sé na comhaid a comhlánaíodh agus na sonraí chuig misean taidhleoireachta nó chuig post consalach an Bhallstáit a bheidh inniúil ar an iarratas a phróiseáil.

2. Roghnóidh na Ballstáit lena mbaineann soláthraí seachtrach seirbhíse a mbeidh ar a chumas na bearta teicniúla agus eagraíochtúla slándála agus na bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla a áirithiú a iarrfaidh an Ballstát nó a iarrfaidh na Ballstáit chun sonraí pearsanta a chosaint ar scríosadh trí thaisme nó ar scríosadh mídhleathach, nó ar chaillteanas trí thaisme, ar nochtadh neamhúdaráithe nó ar rochtain neamhúdaráithe, go háirithe nuair a bhaineann an phróiseáil le sonraí a tharchur thar líonra chomh maith le comhaid a ghlacadh agus a tharchur chuig an bpost consalach, agus chun iad a chosaint ar gach cineál próiseála neamhdhleathaí eile.

Agus soláthraithe seirbhíse seachtracha á roghnú acu, déanfaidh misin taidhleoireachta nó poist chonsalacha na mBallstát mionscrúdú ar shócmhainneacht agus ar iontaofacht na cuideachta (lena n-áirítear na ceadúnais a bheidh riachtanach, clárú tráchtála, reachta na cuideachta, conarthaí bainc agus áiritheoidh sé nach mbeidh easaontacht leasanna ar bith i gceist.

3. Ní bheidh rochtain ag na soláthraithe seachtracha seirbhíse ar an VIS ar chúis ar bith. Forchoimeádfar rochtain ar an VIS go heisiach do chomhaltaí foirne cuí-údaráithe na misean taidhleoireachta nó na bpost consalach.

4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann conradh i gcrích leis an soláthraí seirbhíse seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 95/46/CE. Sula gcuirfear conradh den sórt sin i gcrích, cuirfidh misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit lena mbaineann, laistigh den chomhar consalach áitiúil, an chúis a bhfuil an conradh riachtanach in iúl do mhisin taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha na mBallstát eile agus do thoscaireacht an Choimisiúin.
5. De bhreis ar na hoibleagáidí a shonraítear in Airteagal 17 de Theoir 95/46/CE, beidh forálacha freisin sa chonradh a dhéanfaidh an méid seo a leanas:
- (a) na freagrachtaí sonracha a bheidh ar an soláthraí seirbhíse a shainiú;
 - (b) a cheangal ar an soláthraí seirbhíse gníomhú faoi threoracha na mBallstát a bheidh freagrach agus gan na sonraí a phróiseáil ach chun críocha sonraí pearsanta iarratas ar víosaí a phróiseáil thar ceann na mBallstát a bheidh freagrach i gcomhlíonadh Threoir 95/46;
 - (c) a cheangal ar an soláthraí seirbhíse an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi Rialachán VIS a sholáthar do na hiarratasóirí;
 - (d) foráil go mbeidh rochtain ag comhaltaí foirne consalacha ar áitreabh an tsoláthraí seirbhíse gach uile thráth;
 - (e) a cheangal ar an soláthraí seirbhíse rialacha rúndachta a urramú (lena n-áirítear na sonraí a bailíodh i ndáil le hiarratais ar víosaí a chosaint);
 - (f) clásal fionraí agus foirceannta a bheith iontu.

6. Déanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann monatóireacht ar chur chun feidhme an chonartha, lena n-áirítear:
- (a) an fhaisnéis ghinearálta a sholáthair an soláthraí seirbhíse do na hiarratasóirí ar víosaí;
 - (b) na bearta teicniúla agus eagraíochtúla slándála agus na bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla a iarrfaidh an Ballstát nó a iarrfaidh na Ballstáit chun sonraí pearsanta a chosaint ar scríosadh trí thaisme nó ar scríosadh mídhleathach, nó ar chailteanas trí thaisme, ar nochtadh neamhúdairithe nó ar rochtain neamhúdairithe, go háirithe nuair a bhaineann an phróiseáil le sonraí a tharchur thar líonra chomh maith le comhaid a fháil agus a tharchur chuig an bpost consalach, agus chun iad a chosaint ar gach cineál próiseála neamhdhleathaí eile;
 - (c) aitheantóirí bithmhéadracha a ghabháil;
 - (d) na bearta a glacadh le comhlíonadh na bhforálacha cosanta sonraí a áirithiú.
7. Ní rachaidh méid iomlán na dtáillí a ghearrfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach as an iarratas ar víosa a phróiseáil thar an táille a leagtar amach in Airteagal 16.
8. Cuirfidh foireann chonsalach an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann oiliúint ar an soláthraí seirbhíse a thiocfaidh leis an eolas a bheidh ag teastáil chun seirbhís iomchuí agus faisnéis leordhóthanach a thairiscint do na hiarratasóirí ar víosaí.

Gnéithe eagraíochtúla

1. Cuirfidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát faisnéis chruinn ar taispeáint maidir leis an modh chun coinne a fháil agus chun iarratas ar víosa a thíolacadh.
2. Is cuma cén saghas comhair a roghnófar, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gcoimeádfar an fhéidearthacht go bhféadfaí rochtain dhíreach a thabhairt d'iarratasóirí chun iarratas ar víosa a thíolacadh in áitreabh a misin taidhleoireachta nó a bpoist chonsalacha. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfar agus go bpróiseálfar iarratais ar víosaí ar bhonn leanúnach, i gcás ina ndéanfar foirceannadh tobann ar an gcomhar le Ballstáit eile nó le soláthraí seirbhíse seachtrach d'aon chineál.
3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún an chaoi a mbeidh sé beartaithe acu glacadh agus próiseáil iarratas ar víosaí a eagrú i ngach láthair chonsalach. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis seo a fhoilsiú go hiomchuí.

Soláthróidh na Ballstáit na conarthaí sin a chuirfidh siad i gcrích don Choimisiún.

Tíolacadh iarratas ar víosaí ag idirghabhálaithe tráchtála

1. I gcás athiarratas² de réir bhrí Airteagal 11(2), féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dá misin taidhleoireachta nó dá bpoist chonsalacha³ dul i gcomhar le hidirghabhálaithe tráchtála (i.e. le gníomhaireachtaí príobháideacha riaracháin, le gníomhaireachtaí iompair⁴ nó taistil (tionscnóirí turais agus miondíoltóirí); dá ngairfear "idirghabhálaithe tráchtála" ina dhiaidh seo) chun iarratais, doiciméid tacaíochta agus an táille láimhseála a bhailiú agus chun na comhaid a comhlánaíodh a tharchur⁵ chuig misean taidhleoireachta nó chuig post consalach an Bhallstáit a bheidh inniúil ar an iarratas a phróiseáil.
2. Sula dtabharfar creidiúnú d'idirghabhálaithe tráchtála a mbeidh na tascanna a bhfuil cur síos orthu i mír 1 á gcomhlíonadh acu, dearbhóidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na gnéithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) stádas reatha an idirghabhálaí: ceadúnas reatha, an clár tráchtála, conarthaí le bainc;
 - (b) na conarthaí reatha atá acu le comhpháirtithe tráchtála atá bunaithe sna Ballstáit agus a thairgeann cóiríocht agus seirbhísí eile ar cuid de thurais réamháirithe iad;
 - (c) conarthaí atá acu le haerlínte, a gcaithfidh turais amach agus turais shocraithe fillte ráthaithe a bheith iontu.

¹ **FR** entered a reservation on the whole article.

² **NL** proposed to have "subsequent" applications.

³ **BE** and **HU** asked why the external service providers were not referred to as well. **ES** entered a reservation on any differentiation between travel agencies and external service providers. **COM** replied that under the provisions of Chapter VIII, Point 5, of the CCI a clear distinction is to be made between commercial intermediaries and external service providers because the first ones intervene in the framework of a contract with the visa applicants where the other ones are only bound by legal commitments regarding the visa authorities.

⁴ **EE** and **LT** asked what was meant by "transport agency". **COM** indicated that different kinds of transport were covered: air, road, ...

⁵ **DE** proposed to add the returning of passports.

3. Déanfar monatóireacht leanúnach¹ ar idirghabhálaithe creidiúnaithe tráchtála trí spotseiceálacha ina n-áireofar agallaimh duine le duine nó agallamh ar an teileafón le hiarratasóirí, fíorú na dturas agus na cóiríochta, fíorú go bhfuil an t-árachas liachta taistil a chuirtear ar fáil leordhóthanach agus go gclúdaíonn sé taistealaithe aonair, agus aon uair ar féidir é², na doiciméid maidir leis an ngrúpa a bheith ag filleadh a fhíorú.
4. Laistigh den chomhar consalach áitiúil, malartófar faisnéis faoi aon mhírialtachtaí a braitheadh, faoi dhiúltú iarratas a thíolaic idirghabhálaithe tráchtála, agus faoi chineálacha calaoise a braitheadh a bhain le doiciméid taistil agus faoi mhainneachtain turais sceidealta a dhéanamh.
5. Laistigh den chomhar consalach áitiúil, malartófar liostaí d'idirghabhálaithe tráchtála ar thug gach misean consalach nó post consalach creidiúnú dóibh nó ar baineadh creidiúnú díobh, mar aon leis na cúiseanna ar baineadh an creidiúnú díobh³.

Áiritheoidh gach misean consalach agus gach post consalach go mbeidh an pobal ar an eolas faoin liosta idirghabhálaithe creidiúnaithe a mbeidh sé ag comhoibriú leo.

Airteagal 41

Faisnéis don phobal i gcoitinne

1. Cuirfidh na Ballstáit agus a misin chonsalacha nó a bpoist chonsalacha gach faisnéis ábhartha⁴ ar fáil don phobal i gcoitinne maidir le hiarratas ar víosa a dhéanamh⁵:
 - (a) na critéir, na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar víosa;
 - (b) an modh chun coinne a fháil, más iomchuí;
 - (c) an áit ar chóir an t-iarratas a chur faoina bráid (misean taidhleoireachta inniúil nó post consalach inniúil, ionad coiteann iarratais nó soláthraí seachtrach seirbhíse)⁶.

¹ NL and BE found this wording in contradiction with "spot checks". DE entered a scrutiny reservation.

² HU proposed to add "...and deemed necessary...".

³ IT and LT are in favour of a positive list instead of a negative one.

⁴ SK was of the opinion that "actual information" would constitute a better wording.

⁵ SE asked whether information on a web site was sufficient.

⁶ SK proposed to include the visa fees. NL proposed to have Art. 39(1) under Art.41(1) because it concerns information on appointments only made with diplomatic missions and consular posts, not with external service providers. COM disagreed because Art.39(1) must be read together with the different forms of cooperation referred to in Art. 39

2. Cuirfidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige agus an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó, an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi aon socruithe a dhéanfar maidir le hionadaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 7 trí mhí sula dtiocfaidh socruithe den sórt sin i bhfeidhm¹. Is éard a bheidh san fhaisnéis sin sonraí na gcatagóirí iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith ann a chaithfidh iarratas a dhéanamh go díreach ag misean taidhleoireachta nó ag post consalach an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó.
3. Cuirfear in iúl don phobal i gcoitinne agus d'údaráis na tíre óstaí nach bhfuil aon impleachtaí dlí ag an stampa dá bhforáiltear in Airteagal 17².
4. Cuirfear in iúl don phobal i gcoitinne na teorainneacha ama a bheidh ann le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar víosaí dá bhforáiltear in Airteagal 20(1). Cuirfear an pobal ar an eolas freisin maidir leis na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh nó catagóirí sonracha de náisiúnaigh den sórt sin faoi réir réamhchomhairliúcháin mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II³.
5. Cuirfear in iúl don phobal i gcoitinne gur gá fógra a thabhairt don iarratasóir faoi chinntí diúltacha ar iarratais ar víosaí, agus gur gá do chinntí den sórt sin na cúiseanna a bhí leo a lua agus go bhfuil ceart chun achomhairc ag iarratasóirí ar diúltaíodh a n-iarratais. Tabharfar faisnéis maidir leis na féidearthachtaí maidir le hachomharc a dhéanamh, an t-údarás dlíthiúil a bheidh inniúil agus an teorainn ama a bheidh ann chun achomharc a dhéanamh⁴.

¹ **PL, DK, NO, IT, EE, DE, NL, PT, HU** and **SE** found the deadline too long and asked for more flexibility. **BE** stressed that the general rule could be 3 months but particular circumstances could allow for a shorter period. **COM** opposed to amending its proposal because MS know this kind of representation long in advance.

² **COM** informed delegations that this provision should no longer stay once the VIS Regulation enters into force.

³ **DE** referred to its position on Art. 8 & 9. **DE** and **SK** insisted that confidentiality should be maintained regarding the countries for which prior consultation is applicable. **NL** opposed to 2nd sentence. **PT** suggested deleting the whole paragraph. **COM** stressed that this provision must be maintained. **IT** agreed with **COM**.

⁴ **SE** entered a scrutiny reservation, referring to its comments on Art. 23.

6. Cuirfear an pobal i gcoitinne ar an eolas nach leor víosa a bheith ina sheilbh ag duine le haghaidh cead isteach uathoibríoch¹ a thabhairt dó agus go bhféadfadh sé go n-iarrfaí ar shealbhóirí víosaí doiciméid tacaíochta a thaispeáint ag an teorainn.
7. Cuirfear an pobal i gcoitinne ar an eolas faoin ráta malairte a chuirfidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát i bhfeidhm nuair a bheidh an táille láimhseála á muirearú in airgeadra áitiúil².

¹ NL suggested to replace "automatic right" with "irrevocable right", and in Art. 24 as well.
² SK and PL proposed to remove this paragraph to (1).

TEIDEAL IV: An Comhar Consalach Áitiúil

Airteagal 42¹

Comhar consalach áitiúil mhisin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát

1. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an comhbheartas víosa a chur i bhfeidhm go comhchuibhithe, ag cur cúinsí áitiúla san áireamh, nuair is iomchuí, oibreoidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát agus an Coimisiún i gcomhar le chéile laistigh de gach dlínse agus déanfaidh siad measúnú ar an ngá a bheidh ann na nithe seo a leanas, go háirithe, a bhunú²:
 - (a) liosta comhchuibhithe de dhoiciméid tacaíochta a bheidh le tíolacadh ag iarratasóirí, agus Airteagal 14 agus Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh;
 - (b) critéir chomhionanna chun iarratais ar víosaí a scrúdú, go háirithe maidir leis an gceanglas go mbeadh árachas liachta taistil ag an iarratasóir (lena n-áirítear na heisceachtaí agus an baol nach bhféadfaí árachas liachta taistil a fháil go háitiúil), an táille láimhseála, úsáid an stampa a léiríonn go ndearnadh iarratas ar víosa agus ábhair a bhaineann leis an bhfoirm iarratais;
 - (c) critéir chomhionanna chun déileáil leis na cineálacha éagsúla doiciméad taistil atá ann agus liosta cuimsitheach de na doiciméid taistil a bheidh eisithe ag an tír óstach, a thabharfar cothrom le dáta go rialta.

¹ **FR** suggested deleting this article because it is not normative and indicated it should be removed to Practical Handbook. **BE** and **PL** disagreed because legally binding measures are needed to foster the Local Consular Cooperation (LCC) between MS.

² **DE** suggested to add a point (e) along these lines: "a harmonised approach to checks on return including the length, scope and method of the measures to be applied (e.g. random control of boarding cards and interviews upon return).".

- (d) cur chuige comhchuibhithe maidir le comhar le soláthraithe seachtracha seirbhíse agus le hidirghabhálaithe tráchtála.

Maidir le ceann amháin nó níos mó de phointí (a) go (d), má dhearbhaíonn an measúnú laistigh den chomhar consalach áitiúil gur gá cur chuige comhchuibhithe áitiúil, glacfar bearta maidir le cur chuige comhchuibhithe den sórt sin de bhun an nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 46(2)¹.

2. Laistigh den chomhar consalach áitiúil, bunófar leathán coiteann faisnéise maidir leis an víosa ghearrfhanachta, an víosa idirthurais agus maidir leis na víosaí idirthurais aerfoirt (na cearta atá intuigthe léi, na coinníollacha a bhaineann le hiarratas a dhéanamh uirthi).
3. Malartófar an fhaisnéis seo a leanas laistigh den chomhar consalach áitiúil:
 - (a) staitisticí míosúla² maidir leis na víosaí gearrfhanachta a eisíodh, na víosaí a bhfuil bailíocht chríochach teoranta acu a eisíodh, na víosaí idirthurais agus na víosaí idirthurais aerfoirt a eisíodh, chomh maith leis an líon iarratas ar víosaí a diúltaíodh;
 - (b) faisnéis faoi na nithe seo a leanas:
 - (i) struchtúr socheacnamaíoch na tíre óstaí;
 - (ii) foinsí faisnéise ar leibhéal áitiúil (faoi tslándáil shóisialta, faoi árachas sláinte, faoi chláir fhioscacha, faoi chlárú ar dhul isteach agus ar imeacht etc.);
 - (iii) doiciméid bhréige agus doiciméid ghóchumtha a úsáid;
 - (iv) bealaí inimirce neamhdhleathaí;
 - (v) diúltuithe;
 - (vi) comhar le cuideachtaí aerlíne;
 - (vii) cuideachtaí árachais a sholáthraíonn árachas liachta taistil leordhóthanach (lena n-áirítear an cineál cumhdaigh a fhíorú, agus méid an bharrachais a d'fhéadfadh a bheith i gceist).

¹ NL found it unclear: on what basis the decisions are going to be adopted. COM informed delegations Art.46(2) is based on Comitology procedure.

² NL was in favour of "regular" rather than "monthly". COM wanted the text to be maintained.

4. Eagrófar cruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún uair sa mhí¹ chun déileáil go sonrach le saincheistean oibríochtúla maidir le cur i bhfeidhm an chomhbheartais víosa. Is é an Coimisiún² a thionólfaidh na cruinnithe seo, mura socrófar a mhalairt ar iarratas ón gCoimisiún laistigh den dlínse.

Féadfar cruinnithe faoi aon ábhar amháin a eagrú agus fo-ghrúpaí a bhunú chun staidéar a dhéanamh ar shaincheistean laistigh den chomhar consalach áitiúil³.

5. Tarraingeofar suas tuarascálacha faoi chruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil ar bhonn córasach agus scaipfear go háitiúil iad. Féadfaidh an Coimisiún tarraingt suas na dtuarascálacha a tharmligean chuig Ballstát⁴. Seolfaidh misean taidhleoireachta nó post consalach gach Ballstáit na tuarascálacha chuig a n-údarais láir⁵.
Bunaithe ar na tuarascálacha seo, tarraingoidh an Coimisiún suas tuarascáil bhliantúil laistigh de gach dlínse a chuirfear faoi bhráid na Comhairle.
6. Féadfar cuireadh a thabhairt, ar bhonn ad hoc, d'ionadaithe ar mhisin taidhleoireachta nó ar phoist chonsalacha na mBallstát nach bhfuil acquis an Chomhphobail maidir le víosaí á chur i bhfeidhm acu⁶, nó d'ionadaithe tríú tíortha, a bheith rannpháirteach i gcruinnithe chun faisnéis a mhalartú faoi ábhair shonracha a bhaineann le víosaí a eisiúint.
7. Déanfaidh an Coimisiún saincheistean ar ceistean leasa ghinearálta iad nó ar ceistean iad nach féidir a réiteach go háitiúil a chur faoi bhráid na Comhairle⁷ chun go scrúdódh sí iad⁸.

¹ **NL, BE, HU, PL, EL, IT** and **SK** were of the opinion that the once a month requirement is too hard to apply and wanted more flexibility.

² The **Chair** was in favour of meetings convened by the Presidency.

³ **NL** found those organisational details too explicit and suggested removing them in the Practical Handbook.

⁴ **IT** and **DE** stated that the reports should be drawn up by the Commission.

⁵ **NL** found those organisational details too explicit and suggested removing them in the Practical Handbook.

⁶ **HU** suggested to refer to nMS already partially applying the Schengen acquis. **COM** agreed to have the sentence redrafted in order to cover those nMS. **NO** stressed on the importance to make sure NO is not excluded from the LCC and the Schengen cooperation.

⁷ **COM** informed delegations that the Visa WP was to be understood here.

⁸ The **Chair** informed delegations that they could send their questions on that item directly to the Commission.

TEIDEAL V: Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 43

Socruithe eisceachtúla

Cuirfidh na Ballstáit a bhfuil óstáil á déanamh acu ar na Cluichí Oilimpeacha agus ar na Cluichí Para-Oilimpeacha i bhfeidhm na nósanna imeachta sonracha agus na coinníollacha lena n-éascaítear víosaí a eisiúint a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII¹.

Airteagal 44²

Leasuithe ar na hIarscríbhinní

- (2) Leasófar Iarscríbhinní III, IV, V, VI, VIII, IX, X agus XI³ i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 46(2).
- (3) Gan dochar d'Airteagal 47(2)⁴, cinnfear na hathruithe a dhéanfar ar Iarscríbhinn I agus ar Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 46(2).

Airteagal 45

Treoracha maidir leis an gCód Víosa a chur i bhfeidhm go praiticiúil

Tarraingeofar suas, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 46(2), treoracha oibríochtúla lena mbunófar na cleachtais chomhchuibhithe agus na nósanna imeachta comhchuibhithe a bheidh le leanúint ag poist thaidhleoireachta agus ag misin chonsalacha na mBallstát nuair a bheidh iarratais ar víosaí á bpróiseáil acu.

¹ **FR** stated that the specific procedures and conditions about visas, as referred to in Annex XIII were problematic regarding security. **COM** emphasised that those procedures were successfully applied for the Olympic games in Athens.

² **FR** and **NL** entered a scrutiny reservation on Art. 44, 45, 46.

³ Following **COM** a reference to Annex XII is to be added.

⁴ **DE** and **IT** challenged the need to have a reference to Art. 47(2).

Airteagal 46

Coiste

1. Tabharfaidh coiste dá ngairfear "an Coiste Víosáí" anseo feasta, cúnamh don Choimisiún.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de agus ar choinníoll nach modhnóidh na bearta cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta seo bunfhorálacha an Rialacháin seo.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.
3. Glacfaidh an Coiste Víosáí a rialacha nós imeachta.

Airteagal 47

Fógra

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na nithe seo a leanas:
 - (a) Staid na hionadaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - (b) liosta de na tríú tíortha a gceanglaítear na nósanna imeachta faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 9(3) a leanúint ina leith¹;
- *Tarjeta provisional de estancia y de trabajo* (cead cónaithe speisialta) (uaine). Eisítear an cead seo go ceann 5 bliana agus féadfar é a athnuachan, go ceann 5 bliana eile i ngach cás
- *Autorización de residencia (údarú cónaithe)* (uaine). Eisítear an cead seo go ceann bliana agus féadfar é a athnuachan, go ceann 3 bliana i ngach cás
- *Tarjeta provisional de estancia y de trabajo (údarú cónaithe agus oibre sealadach)* (bándearg). Eisítear an cead seo go ceann 2 bhliain agus féadfar é a athnuachan go ceann 2 bhliain eile
- *Tarjeta provisional de estancia y de trabajo* (gnáthúdarú cónaithe agus oibre) (buí). Eisítear an cead seo go ceann 5 bliana
- *Tarjeta provisional de estancia y de trabajo* (údarú speisialta cónaithe agus oibre) (uaine). Eisítear an cead seo go ceann 10 mbliana agus féadfar é a athnuachan, go ceann 10 mbliana eile i ngach cás

CEANADA:

- Cárta buanchónaitheora (cárta plaisteach)
-

AN tSEAPÁIN:

- Cead dul isteach an athuair sa tSeapáin

MONACÓ:

- *Carte de séjour de résident temporaire* de Monaco (cead cónaitheora shealadaigh)
- *Carte de séjour de résident ordinaire* de Monaco (cead gnáthchónaitheora)
- *Carte de séjour de résident privilégié* (cead cónaitheora phribhléidigh)
- *Carte de séjour de conjoint de ressortissant monégasque* (cead cónaithe do chéile náisiúnaigh Mhonacaigh)

SAN MAIRÍNE:

- *Permesso di soggiorno ordinario (validità illimitata)* [Cead gnáthchónaithe) (gan aon dáta éaga)].
- *Permesso di soggiorno continuativo special (validità illimitata)* [Cead buanchónaithe speisialta (gan aon dáta éaga)]
- *Carta d'identità de San Marino (validità illimitata)* [Cárta aitheantais San Mairíne) (gan aon dáta éaga).]

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ:

- Foirm I-551 cárta buanchónaitheora (bailí go ceann idir 2 bhliain agus 10 mbliana)
- Foirm I-551 Cárta admhála ar chlárú eachtrannaigh (bailí go ceann idir 2 bhliain agus 10 mbliana)
- Foirm I-551 Cárta admhála ar chlárú eachtrannaigh (gan aon dáta éaga)
- Foirm I-327 Doiciméad dul isteach athuair (bailí go ceann 2 bhliain - eisítear chuig sealbhóirí I-551 é)
- Cárta eachtrannaigh chónaithigh (bailí go ceann 2 bhliain nó 10 mbliana nó gan aon dáta éaga. Ní rathaíonn an doiciméad seo go bhfillfidh an sealbhóir ach amháin i gcás nach rachaidh a fhanacht nó a fanacht lasmuigh de SAM thar bhliain.)
- Cead dul isteach an athuair (bailí go ceann 2 bhliain. Ní rathaíonn an doiciméad seo go bhfillfidh an sealbhóir ach amháin i gcás nach rachaidh a fhanacht nó a fanacht lasmuigh de SAM thar dhá bhliain.)
- Stampa cónaithe shealadaigh bailí i bpas bailí (bailí go ceann bliana ón dáta a n-eiseofar é)

FOIRM CHAIGHDEÁNACH CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI VÍOSA A BHEITH Á DIÚLTÚ AGUS CHUN NA CÚISEANNA A BHÍ LEIS AN DIÚLTÚ SIN A THABHAIRT

MISEAN TAIDHLEOIREACHTA NÓ

POST CONSALACH BALLSTÁIT ¹⁾



1

DIÚLTÚ VÍOSA

i gcomhréir le hAirteagal 23 de Chód an Chomhphobail maidir le víosaí

A _____ a chara,

Rinne Ambasáid/ Ard-Chonsalacht/ Consalacht an/na _____ i/in/sa

_____ scrúdú ar d'iarratas ar víosa an xx Mí 200x [thar ceann (*ainm an Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air*)]. Diúltaíodh an víosa.

Tá diúltú do víosa bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas a choisceann víosa a eisiúint ²⁾(*marcáilte le tiC*):

- ☐ **tíolacadh doiciméad bréagach/doiciméad góchumtha/doiciméad brionnaithe ³⁾**
- ☐ **ní fhéadfaí cuspóir nó coinníollacha d'fhanachta a fhionnadh**
- ☐ **ní fhéadfaí a fhionnadh go bhfuil rún agat filleadh ar do tír bhunaidh**
- ☐ **níor chruthaigh tú go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála agat don tréimhse agus don chineál fanachta, ná go bhfuil sé d'acmhainn agat filleadh ar an tír bhunaidh nó ar an tír idirthurais;**
- ☐ **d'fhan tú ar feadh trí mhí cheana ⁴⁾ i rith tréimhse 6 mhí ar chríoch na mBallstát.**
- ☐ **tá foláireamh eisithe chun cead isteach a dhiúltú**
- ☐ **i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) ag(an Ballstát a bhí i gceist)**
- ☐ **sa chlár náisiúnta**
- ☐ **measann Ballstát amháin nó níos mó Ballstát gur bagairt tú do bheartas poiblí, do shlándáil inmheánach, do shláinte phoiblí, nó do chaidreamh idirnáisiúnta ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (*caithfidh gach Ballstát na tagairtí ábhartha a shonrú don reachtaíocht náisiúnta faoinar diúltaíodh cead isteach.*) ⁵⁾**
- ☐ **níor sholáthair tú cruthúnas leordhóthanach ar phráinne chun iarratas ar víosa a dhéanamh ag an teorainn**

6)

Dáta agus Stampa an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalaigh

Síniú an duine lena mbaineann

¹ Ní gá lógó don Iorua, don Íoslainn ná don Eilvéis.

(Féach freisin na barúlacha ar Airteagal 23)

1) **PL** suggested the addition of a reference to border authorities. **FR** entered a reservation on the entire Annex. **IT** preferred a more streamlined form and found the second and third box problematic for legal reasons.

Replying to a comment from **NL**, **COM** reminded delegations that the lay out, including the flag, corresponds to the standard form set out in the SBC.

2) **SI** suggested that specific reasons for refusing a visa at the border be added.

3) **AT** suggested the addition of "or other false/counterfeited or forged documents".

4) **NL** wished to replace 3 months by 90 days.

5) **PL** suggested the deletion of the wording in brackets. **COM** could not accept this deletion.

6) **NL** suggested the addition of a standard clause on how to proceed appeal and where.

AN GREAMÁN VÍOSA A LÍONADH ISTEACH

I. Roinn na n-iontrálacha comhchoiteanna

1.1. Ceannteideal "BAILÍ DO":

Taispeántar faoin gceannteideal seo an chríoch ina bhfuil an sealbhóir víosa i dteideal taisteal. Caithfear an ceannteideal seo a chomhlánú ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) Stáit Schengen;
- (b) Stát Schengen nó Stáit Schengen dá bhfuil bailíocht an víosa teoranta (sa chás seo úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas)¹:

A = An Ostair

BNL = An Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg²

CY=An Chipir

CZE=Poblacht na Seice

D = An Ghearmáin

DK = An Danmhairg

E = An Spáinn

EST = An Eastóin

F = An Fhrainc

FIN = An Fhionlainn

GR= An Ghréig

H= An Ungáir

I= An Iodáil

LT = An Liotuáin

LVA= An Laitvia

M= Málta

P= An Phortaingéil

PL = An Pholainn

S = An tSualainn

SK = An tSlóvaic

SVN = An tSlóivéin

IS = An Íoslainn

N = An Iorua

- (c) An Ballstát (de réir na ngiorrúchán in (b)) a d'eisigh an víosa fadfhanachta náisiúnta

1.2. Nuair a bheidh an greamán á úsáid chun an víosa aonfhoirmeach gearrfhanachta nó idirthurais a eisiúint, cuirtear an nath "Stáit Schengen" isteach sa cheannteideal "bailí do:", i dteanga an Bhallstáit a d'eisigh an víosa.

¹ HU wondered why the full name of the Member State could not be used, as in the case of visa issued for the territory of one Member State (point 1.3).

² Replying to a comment made by BE, COM noted that codes for the individual states should replace this one in order to be in line with the points made in relation to Article 21.

1.3. Nuair a bheidh an greamán á úsáid chun víosaí a eisiúint a chuireann srian ar chead isteach nó ar fhanacht i gcríoch Ballstáit, nó ar imeacht aisti, cuirtear sa cheannteideal seo ainm an Bhallstáit dá bhfuil dul isteach, fanacht agus imeacht as teoranta, i dteanga an Bhallstáit sin.

1.4. Nuair a bheidh an greamán á úsáid chun víosaí a eisiúint a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu de bhun na míre deiridh d'Airteagal 21(1) den Rialachán seo, féadfar na roghanna seo a leanas a úsáid do na cóid a bheidh le cur isteach:

- (a) cóid a iontráil do na Ballstáit lena mbaineann;
- (b) na focail "Stáit Schengen" a iontráil agus an comhartha lúide idir lúibíní ina dhiaidh sin agus cóid na mBallstát sin nach bhfuil an víosa bailí dá gcríocha.

2. Ceannteideal "ÓN ... GO dTÍ AN":

Léiríonn an ceannteideal seo tréimhse fanachta an tsealbhóra, mar a údaraítear leis an víosa í. Scríobhtar "ÓN" agus an dáta ónar féidir leis an sealbhóir víosa dul isteach sa chríoch a bhfuil an víosa bailí di:

- scríobhtar an lá ina dhá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa lá a bheidh i gceist ach aon digit amháin.
- dais chothrománach.
- scríobhtar an mhí ina dhá digit, nialas ar an gcéad cheann acu mura mbeidh sa mhí a bheidh i gceist ach aon digit amháin.
- dais chothrománach.
- scríobhtar an bhliain ina dhá digit arb iad an dá dhigit dheireanacha den bhliain iad.

Mar shampla: 05-12-07 = 5 Nollaig 2007.

Scríobhtar dáta lá deireanach thréimhse fanachta údaráithe an tsealbhóra víosa i ndiaidh "GO dTÍ AN". Caithfidh an sealbhóir víosa a bheith imithe as an gcríoch a bhfuil an víosa bailí di faoi mheán oíche ar an dáta seo.

Scríobhtar an dáta seo mar a scríobhtar an chéad dáta thuas.

3. Ceannteideal "LÍON UAIREANTA A CHEADAÍTEAR DUL ISTEACH":

Léiríonn an ceannteideal seo líon na n-uaireanta a cheadófar do shealbhóir víosa dul isteach sa chríoch a bhfuil an víosa bailí di, i.e. tagraíonn sí do líon na dtréimhsí fanachta a fhéadfaidh a bheith scaipthe thar an tréimhse bailíochta uile, féach 4.

Féadfaidh dul isteach uair amháin, faoi dhó, nó níos minice ná sin a bheith i gceist¹. Scríobhtar an uimhir seo ar thaobh na láimhe deise den chuid réamhchlóite, le "01", "02" nó leis an ngiorrúchán "IOL", i gcás ina n-údaróidh an víosa dul isteach breis agus faoi dhó.

I gcás víosa idirthurais, ní fhéadfar a údarú ach dul isteach uair amháin nó dul isteach faoi dhó (iontráiltear "01" nó "02"). Taispeánfar líon uaireanta níos airde ná sin leis an nod "IOL".

Ní bheidh an víosa bailí a thuilleadh nuair is ionann líon iomlán na n-uaireanta a d'imigh an sealbhóir as an gcríoch agus líon na n-uaireanta dul isteach a údaráíodh, fiú mura mbeidh líon na laethanta a údaráíodh leis an víosa ídithe aige.²

4. Ceannteideal "RÉ NA FANACHTA ... LAETHANTA":

Taispeánann an ceannteideal seo líon na laethanta a fhéadfaidh an sealbhóir fanacht sa chríoch a bhfuil an víosa bailí di. D'fhéadfadh sé gur laethanta i ndiaidh a chéile a bheadh i gceist, nó, ag brath ar líon na laethanta a údaraítear, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt tréimhsí i gceist idir an dá dháta a luadh i mír 2, ag cur an líon uaireanta a údaráíodh dul isteach i mír 3 san áireamh³.

Scríobhtar líon na laethanta a údaraítear sa spás bán idir "RÉ NA FANACHTA" agus "LAETHANTA", i bhfoirm dhá dhigit, nialas ar an gcéad cheann acu más lú ná 10 líon na laethanta.

Is é líon uasta na laethanta is féidir a iontráil faoin gceannnteideal seo 90 in aon leathbhliain ar leith⁴.

Nuair a eiseofar víosa a bheidh bailí go ceann breis agus sé mhí, ciallóidh 90 lá 90 lá in aon tréimhse 6 mhí.

¹ **FR** noted that it was important to indicate "1", "2" or "multiple" in order to simplify matters for staff operating the technical part of visa systems. For reasons of saving space, **LU** wondered whether "MULT" could be replaced by "M". **COM** would verify whether this was compatible with the technical specifications.

² **HU** suggested that this paragraph be moved to the Instructions.

³ **NO** wondered whether a multiple visa with a total validity for one, two or more years could be issued with allowed stay of maximum number of days inferior to 90 days in any half-year period. If this is the case, Article 20(3) should clarify this better, for instance "Multiple visa, entitling the holder to several entries, up to three months or....". The reason behind this suggestion is that Norway has experienced the need for issuing such visa in practice and it seems that some Schengen States issue multiple entry visa with an indication of for instance 45 days. **COM** found this suggestion somewhat awkward and wished to study this matter.

⁴ **HU** suggested that the third and fourth paragraphs moved to the Instructions.

5. Ceannteideal "ARNA HEISIÚINT I/IN/SA... AN ...":

Tugann an ceannteideal seo ainm an bhaile ina bhfuil an misean taidhleoireachta nó an post consalach a bhfuil an víosa á heisiúint aige lonnaithe. Taispeántar dáta na heisiúna tar éis "AN".

Scríobhtar dáta na heisiúna mar a scríobhtar an dáta dá dtagraítear in 2.

6. Ceannteideal "UIMHIR AN PHAS":

Léirítear leis an gceannnteideal seo uimhir an doiciméid taistil a bhfuil an greamán víosa greamaithe de.

I gcás ina mbeidh an duine ar eisíodh an víosa dó san áireamh i bpas an chéile, i bpas máthar nó athar, sonrófar uimhir dhoiciméad taistil an duine sin.

I gcás nach n-aithneoidh an Ballstát a bhfuil an víosa á heisiúint aige doiciméad taistil an iarratasóra, úsáidfear an fhormaid aonfhoirmeach don leathán ar leith le haghaidh víosa a ghreamú de chun an víosa a ghreamú.

Ní hí uimhir an phas atá le hiontráil faoin gceannnteideal seo, i gcás ina ngreamófar an greamán víosa den leathán ar leith, ach an uimhir chlóghrfach chéanna atá ar an bhfoirm, a bhfuil sé cinn de dhigití inti.

7. Ceannteideal "CINEÁL NA VÍOSA":

Chun rudaí a éascú do na húdaráis rialaithe, sonróidh an ceannteideal seo cineál na víosa de réir na litreacha A,B,C, agus D mar a leanas:

- A: víosa idirthurais aerfoirt
- B: víosa idirthurais
- LTV B: víosa idirthurais a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici²
- C: víosa gearrfhanachta
- LTV C: víosa gearrfhanachta a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici
- D: víosa fadrfhanachta náisiúnta³

8. Ceannteideal "SLOINNE AGUS CÉADAINM":

Scríobhtar an chéad fhocal atá sa bhosca "sloinne" agus ansin an chéad fhocal atá sa bhosca "céadainm" i ndoiciméad taistil an tsealbhóra víosa san ord sin. Fíoróidh an misean taidhleoireachta nó an post consalach gurb ionann an sloinne agus an céadainm atá sa doiciméad taistil agus atá le hiontráil faoin gceannnteideal seo agus sa roinn a ndéanfar scanadh leictreonach uirthi, agus an t-ainm agus an céadainm atá san iarratas ar víosa.

¹ **Com** would consider the possible addition of information in relation to the filling in of a sticker for a multiple entry ATV corresponding to the CCI, Annex 13, Example 3, as suggested by **LT**.

² **PL** wished to delete the reference to LTV B and LTV C as it is already covered in point 1. **FR**, **BE** and **LU** supported this suggestion.

³ **DE** wondered why a reference to "D" visas had been maintained. **FR**, supported by **BE** suggested the reintroduction of a reference to D+C visa.

9¹.

I Iontrálacha éigeantacha atá le cur isteach sa roinn "BARÚLACHA"²

- (a) Cód lena léirítear "Ní gá árachas"

I gcás ina mbeidh díolúine ag an sealbhóir víosa ón gceanglas árachas liachta taistil a bheith aige, mar a leagtar amach in Airteagal 15, iontrálfar an cód "N-INS" sa roinn seo.

- (b) Cód a thaispeánann gur cuireadh isteach cruthúnas go raibh cóiríocht faighte agus/ nó gurb é an duine a bhfuil cuireadh á thabhairt dó a iompróidh na costais.

I gcás inar chuir an t-iarratasóir isteach

- cruthúnas go raibh cóiríocht faighte, agus iarratas á dhéanamh ar víosa, cuirfear an cód, "Iarscríbhinn V - H³" leis.
- cruthúnas go n-iomprófar na costais, agus iarratas á dhéanamh ar víosa, cuirfear an cód, "Iarscríbhinn V - G" leis.

Nuair a chuirfear cruthúnas ar an dá rud isteach, cuirfear an cód "Iarscríbhinn V-H+G" leis.

II Iontrálacha náisiúnta sa roinn "BARÚLACHA"

Beidh na barúlacha a bhaineann le forálacha náisiúnta sa roinn seo freisin i dteanga an Bhallstáit a bhfuil an víosa á heisiúint aici. Ní bheidh athrá sna barúlacha seo ar a mbeidh sna barúlacha éigeantacha dá dtagraítear i gcuid 1 den Iarscríbhinn seo.

¹ **FI** wondered whether the entries in this point would be relevant, once VIS became operational. **COM** recalled that the roll-out of the VIS would be progressive and therefore these entries would continue to be relevant for quite some time.

² **PL** was not in favour of the addition of such codes.

³ Replying to a query from **HU**, **COM** noted that "V" referred to Annex V of the draft Visa Code (i.e. the harmonised form for proof of accommodation and/or bearing of costs) and "H" referred to proof accommodation and "G" to bearing of costs, the purpose being to introduce standard codes.

III Roinn don ghrianghraf

Cuirfear grianghraf daite den sealbhóir víosa sa spás a áirítear chuige sin.

Cloífear leis na rialacha seo a leanas i ndáil leis an ngrianghraf a chuirfear ar an ngreamán víosa.

Beidh méid an chinn ó smig go baithis idir 70 % agus 80 % de mhéid dhromchla ingearach an ghrianghraif.

Is iad seo a leanas na ceanglais a bheidh i gceist maidir le híosghléineacht:

- 300 picteilín in aghaidh an orlaigh (ppi) neamhchomhbhrúite, más le scanadh atá an grianghraf,
- 720 ponc in aghaidh an orlaigh (dpi) más grianghraf é atá le priondáil go lándaite.

IV Roinn meaisín-inléite

Is éard a bheidh sa roinn seo dhá líne a mbeidh 36 carachtar iontu (OCR B-10 cpi).

**FORMÁID AONFHOIRMEACH DON STAMPA CHUN RÉ NA FANACHTA A
ÚDARAÍODH LE VÍOSA A FHADÚ**

Uimhir na VÍOSA:	
7.3.06 ¹	15.3.06 ²
30 ³	35 ⁴
Ausländeramt ⁵	20.2.06 ⁶

-
- ¹ Dáta a rachaidh an tréimhse bailíochta in éag.
² Fad na chéad tréimhse fanachta.
³ An dáta nua a rachaidh an tréimhse bailíochta in éag.
⁴ Fad nua na fanachta údaraithe.
⁵ An tÚdarás a bhfuil an cinneadh faoin síneadh á ghlacadh aige.
⁶ An dáta a ndearnadh cinneadh faoin síneadh.

**Cuid 1: TREORACHA OIBRÍOCHTÚLA LE hAGHAIDH VÍOSAÍ A EISIÚINT AG AN
TEORAINN DO MHAIRNÉALAIGH IDIRTHURAS ATÁ FAOI RÉIR CEANGLAS
VÍOSAÍ**

Is é cuspóir na dtreoracha oibríochtúla seo, rialacha a sholáthar don mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil acquis an Chomhphobail á chur i bhfeidhm acu i ndáil le mairnéalaigh idirthurais atá faoi réir ceanglas víosaí. A mhéid gur ar bhonn na faisnéise a malartaíodh a eiseofar víosa ag an teorainn, is ar an mBallstát a eiseoidh an víosa a bheidh an fhreagracht.

Chun críocha na dtreoracha oibríochtúla seo:

Ciallaíonn "calafort Ballstáit": calafort ar teorainn sheachtrach Ballstáit é

Ciallaíonn "aerfort Ballstáit": aerfort ar teorainn sheachtrach Ballstáit é; agus

I. Clárú ar shoitheach atá ar ancaire nó a bhfuiltear ag súil leis i bport Ballstáit

(a) dul isteach i gcríoch na mBallstát trí aerfort atá suite i mBallstát eile²

- cuirfidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire in iúl do na húdaráis inniúla i gcalafort an Bhallstáit ina bhfuil an long ar ancaire nó ina bhfuil súil léi go bhfuil mairnéalaigh atá faoi réir ceanglas víosa le dul isteach ann trí aerfort Ballstáit. Síneoidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire ráthaíocht i ndáil leis na mairnéalaigh sin;

¹ PT intends to present a note on technical specifications about this Annex.

² NL proposed to delete the end of the sentence from "...via an airport...".

- dearbhóidh na húdaráis inniúla sin a luaithe is féidir cibé acu an bhfuil an fhaisnéis a chuir an chuideachta loingseoireachta nó an gníomhaire ar fáil cruinn agus féachfaidh siad an gcomhlíontar na coinníollacha eile le haghaidh dul isteach i gcríoch an Bhallstáit. Fíorófar freisin an cúrsa taistil laistigh de chríoch na mBallstát e.g. trí imscrúdú ar na ticéid aerlíne;
 - trí fhoirm chuí-chomhlánaithe do mhairnéalaigh idirthurais atá faoi réir ceanglas víosa (mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, Cuid 2 í), a fhacsáil, a sheoladh tríd an bpost leictreonach nó a sheoladh trí mhodh eile, cuirfidh na húdaráis inniúla ag an gcalafort Ballstáit in iúl do na húdaráis inniúla ag an aerfort Ballstáit a bhfuil na mairnéalaigh ag teacht isteach tríd maidir le torthaí an fhíoraithe agus sonróidh siad cé acu an féidir víosa a eisiúint, i bprionsabal, ag an teorainn;
 - i gcás ina gcinnfear go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil fíor agus ina dtiocfaidh an toradh go soiléir le dearbhú nó le doiciméid an mhairnéalaigh, féadfaidh na húdaráis inniúla ag an aerfort Ballstáit trína dtagtar isteach nó amach víosa idirthurais a eisiúint ag an teorainn a mbeidh uasbhailíocht cúig lá aici. Chomh maith leis sin, i gcásanna den sórt sin, cuirfear stampa dul isteach nó stampa imeachta Ballstáit ar dhoiciméad taistil an mhairnéalaigh dá dtagraítear thuas, agus tabharfar don mhairnéalach é;
- (b) dul isteach i gcríoch Ballstát thar teorainn talún nó farraige atá suite i mBallstát eile
- is ionann an nós imeachta agus an nós imeachta maidir le dul isteach trí aerfort Ballstáit ach amháin go gcuirfear ar an eolas na húdaráis inniúla ag an bpost teorainn trína dtagann an mairnéalach isteach i gcríoch an Bhallstáit.

II. Mairnéalaigh a éiríonn as seirbhís ar shoitheach a tháinig isteach i gcalafort Ballstáit.

- (a) imeacht ó chríoch na mBallstát trí aerfort atá suite i mBallstát eile
 - cuirfidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire in iúl do na húdaráis inniúla ag an gcalafort Ballstáit sin go bhfuil mairnéalaigh ag dul isteach ann atá faoi réir ceanglas víosa agus atá le héirí as seirbhís agus imeacht as críoch na mBallstát trí aerfort Ballstáit. Síneoidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire ráthaíocht i ndáil leis na mairnéalaigh sin;
 - dearbhóidh na húdaráis inniúla sin a luaithe is féidir cibé acu an bhfuil an fhaisnéis a chuir an chuideachta loingseoireachta nó an gníomhaire ar fáil cruinn agus féachfaidh siad an gcomhlíontar na coinníollacha eile le haghaidh dul isteach I gcríoch na mBallstát. Dearbhófar freisin an cúrsa taistil laistigh de chríoch an Bhallstáit e.g. trí imscrúdú ar na ticéid aerlíne;
 - i gcás ina bhfíorófar go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil fíor, féadfaidh na húdaráis inniúla víosa idirthurais a eisiúint a mbeidh uasbhailíocht cúig lá aici;
- (b) imeacht as críoch na mBallstát thar teorainn talún nó farraige atá suite i mBallstát eile.
 - is ionann an nós imeachta agus an nós a úsáidtear i gcás imeacht trí aerfort Ballstáit.

III. Aistriú ó shoitheach a tháinig isteach i gcalafort Ballstáit chuig soitheach a sheolfaidh ó chalafort atá suite i mBallstát eile

- cuirfidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire in iúl do na húdaráis inniúla ag an gcalafort Ballstáit sin go bhfuil mairnéalaigh ag dul isteach ann atá faoi réir ceanglas víosa agus atá le héirí as seirbhís agus imeacht as críoch na mBallstát trí chalafort Ballstáit eile. Síneoidh an chuideachta loingseoireachta nó a gníomhaire ráthaíocht i ndáil leis na mairnéalaigh sin;
- dearbhóidh na húdaráis inniúla sin a luaithe is féidir cibé acu an bhfuil an fhaisnéis a chuir an chuideachta loingseoireachta nó an gníomhaire ar fáil cruinn agus féachfaidh siad an gcomhlíontar na coinníollacha eile le haghaidh dul isteach i gcríoch na mBallstát. Rachfar i dteagmháil leis na húdaráis inniúla ag an gcalafort Ballstáit óna bhfágfaidh na mairnéalaigh críoch na mBallstát ar long chun chríocha an scrúdaithe sin. Déanfar seiceáil le cinntiú go bhfuil an long a n-imeoidh siad inti ar ancaire ann nó go bhfuil súil léi ann. Fíorófar freisin an cúrsa taistil laistigh de chríoch na mBallstát;
- i gcás ina bhfíorófar go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil fíor, féadfaidh na húdaráis inniúla víosa idirthurais a eisiúint a mbeidh uasbhailíocht cúig lá aici.

IARSCRÍBHINN XII: Cuid 2¹

FOIRM DO MHAIRNÉALAIGH IDIRTHURAIS ATÁ FAOI RÉIR CEANGLAS VÍOSAÍ			
d'ÚSÁID OIFIGIÚIL:			
EISITHEOIR: (STAMPA) SLOINNE/ CÓD AN OIFIGIGH		FAIGHTEOIR: ÚDARÁS	
SONRAÍ MAIDIR LEIS AN tACH:			
SLOINNE (SLOINTE):	1A	RÉAMHAINM (RÉAMHAINMNEACHA):	1B
NAISIÚNTACHT:	1C	CÉIM/GRÁD:	1D
ÁIT BHREITHE:	2A	DÁTA BREITHE:	2B
UIMHIR AN PHAS:	3A	UIMHIR AN LEABHAIR MAIRNÉALAIGH:	4A
DÁTA EISIÚNA:	3B	DÁTA EISIÚNA:	4B
TRÉIMHSE BAILÍOCHTA:	3C	TRÉIMHSE BAILÍOCHTA:	4C
SONRAÍ MAIDIR LEIS AN SOITHEACH AGUS MAIDIR LEIS AN nGNÍOMHAIRE LOINGSEOIREACHTA:			
AINM AN GHNÍOMHAIRE LOINGSEOIREACHTA:		5	
AINM AN tSOITHIGH:		BRATACH:	
DÁTA TEACHTA:		ÁIT AS AR THÁINIG AN SOITHEACH:	
DÁTA IMEACHTA:		CEANN SCRÍBE AN tSOITHIGH:	
SONRAÍ MAIDIR LE GLUAISEACHT AN MHAIRNÉALAIGH			
CEANN SCRÍBE AN MHAIRNÉALAIGH:			9
NA CÚISEANNA ATÁ LEIS AN IARRATAS: AISTRI ☐ AG ÉIRÍ AS SEIRBHÍS ☐			
CLÁRÚ ☐			
MODH IOMPAIR	GLUAISTEÁN	TRAÉIN ☐	EITLEÁN ☐
DÁTA :	TEACHTA:	IDIRTHURAIS:	IMEACHTA:
GLUAISTEÁN* ☐ CLÁRUIMHIR: SONRAÍ NA hEITILTE TRAÉIN* ☐ CÚRSA AN TURAI: AM: UIMHIR NA hEITILTE:			
Dearbhú foirmiúil arna shíniú ag an ngníomhaire loingseoireachta nó ag úinéir na loinge lena ndeimhnítear gurb é a bheidh freagrach as fanacht an mhairnéalaigh agus i gcás inar gá, gurb é a bheidh freagrach as a athdhúichiú.			

*= le comhlánú má tá an fhaisnéis ar fáil

¹ NL proposed to add the phone number and the IMO number of the ship. DE supported NL on the IMO number.

CUR SÍOS MIONSONRAITHE AR AN bhFOIRM

Baineann na chéad cheithre phointe le céannacht an mhairnéalaigh

(1)	A. Sloinne (Sloinnte) ¹
	B. Réamhainm (réamhainmneacha)
	C. Náisiúntacht
	D. Céim/Grád
(2)	A. Áit bhreithe
	B. Dáta breithe
(3)	A. Uimhir an phas
	B. Dáta eisiúna
	C. Tréimhse bailíochta
(4)	A. Uimhir an leabhair mairnéalaigh
	B. Dáta eisiúna
	C. Tréimhse bailíochta

Déantar idirdhealú idir pointe 3 agus pointe 4 ar mhaithe le soiléireacht, ós rud é gur féidir pas nó leabhar mairnéalaigh a úsáid chun críocha céannachta ag brath ar náisiúntacht an mhairnéalaigh agus ag brath ar an mBallstát a bhfuil sé ag dul isteach ann.

Baineann na chéad cheithre phointe eile leis an ngníomhaire loingseoireachta agus leis an soitheach.

- (5) Ainm an ghníomhaire loingseoireachta (an duine aonair nó an chorparáid atá i láthair chun ionadaíocht a dhéanamh ar úinéir na loinge i ngach ábhar a bhaineann le dualgais úinéir na loinge ó thaobh an soitheach a fheistiú).

¹ Tabhair an sloinne (na sloinnte) atá ar an bpas, le do thoil.

(6)	A. Ainm an tsoithigh:
	B. An bhratach (faoina bhfuil an soitheach trádála seo ag seoladh)
(7)	A. Dáta theacht i dtír an tsoithigh
	B. Calafort ónar tháinig an soitheach
	Tagraíonn an litir "A" don dáta a dtiocfaidh an soitheach i dtír sa chalafort ina gcláróidh an mairnéalach.
(8)	A. Dáta imeachta an tsoithigh
	B. Ceann scríbe an tsoithigh (an chéad chalafort eile)

Tugann pointe 7A agus pointe 8A faisnéis maidir leis an méid ama a fhéadfaidh mairnéalach a chaitheamh ag taisteal chun clárú. Ba chóir a chuimhneamh go mbeidh an cúrsa a leantar go mór faoi réir cur isteach gan choinne agus faoi réir fachtóirí seachtracha amhail stoirmeacha, cliseadh etc.

Soiléiríonn na chéad cheithre phointe eile na cúiseanna a bhí le turas an mhairnéalaigh agus a cheann scríbe.

- (9) Is é an "ceann scríbe deireanach" deireadh thuras an mhairnéalaigh. D'fhéadfadh sé gurbh é seo an calafort a bhfuil sé le clárú ann nó an tír ar a bhfuil a thriall más ag éirí as seirbhís atá sé.
- (10) Na cúiseanna atá leis an iarratas
- (a) I gcás clárú, is é an ceann scríbe deireanach an calafort ina gcláróidh an mairnéalach.
 - (b) I gcás aistriú go soitheach eile laistigh de chríoch na mBallstát, is é an calafort ina gcláróidh an mairnéalach freisin é. I gcás aistriú chuig soitheach eile atá suite lasmuigh de chríoch na mBallstát, caithfear a mheas gur éirí as seirbhís atá i gceist.
 - (c) I gcás ina mbeifear ag éirí as seirbhís, d'fhéadfadh sé tarlú ar chúiseanna éagsúla, amhail deireadh an chonartha, tionóisc ag an obair, cúiseanna práinneacha teaghlaigh etc.

(11) Modh iompair

Liosta de na modhanna a d'úsáid an mairnéalach idirthurais atá faoi réir ceanglais víosa laistigh de chríoch na mBallstát d'fhonn a cheann scríbe deireanach a bhaint amach. Síltear gurb iad na trí fhéidearthacht seo a leanas a bheidh i gceist ar an bhfoirm:

(a) Gluaisteán (nó cóiste)

(b) Traein

(c) Eitleán

(12) Dáta teachta (i gcríoch na mBallstát)

Baineann sé seo go príomha le mairnéalach ag an gcéad aerfort Ballstáit nó ag an gcéad phointe trasnaithe teorann Ballstáit (os rud é nach aerfort a bheidh i gceist i gcónaí) ag an teorainn sheachtrach trína mian leis teacht isteach i gcríoch na mBallstát.

Dáta an idirthurais

Is é seo an dáta a dhíchlaróidh an mairnéalach i gcalafort i gcríoch na mBallstát agus a dtabharfaidh sé aghaidh ar chalafort eile atá suite freisin i gcríoch na mBallstát.

Dáta imeachta

Is é seo an dáta a dhíchlaróidh an mairnéalach i gcalafort i gcríoch na mBallstát chun aistriú chuig soitheach eile i gcalafort atá suite lasmuigh de chríoch na mBallstát nó an dáta a dhíchlaróidh an mairnéalach i gcríoch na mBallstát agus chun filleadh ar an mbaile (lasmuigh de chríoch na mBallstát).

Nuair a chinnfear na trí mhodh taistil, ba cheart an fhaisnéis a bhfuil fáil uirthi maidir leis na modhanna sin a sholáthar:

- (a) gluaisteán, cóiste: cláruimhir
 - (b) traen: ainm, uimhir, etc.
 - (c) sonraí na heitilte, dáta, am, uimhir
- (13) Dearbhú foirmiúil á shíniú ag an ngníomhaire loingseoireachta nó ag úinéir na loinge lena ndeimhnítear gurb é a bheidh freagrach as fanacht an mhairnéalaigh agus i gcás inar gá, gurb é a bheidh freagrach as a athdhúichiú.

Más i ngrúpa a bheidh na mairnéalaigh ag taisteal, caithfidh gach duine acu na sonraí a líonadh isteach maidir le pointí 1A go 4C.

**NÓSANNA IMEACHTA SONRACHA AGUS COINNÍOLLACHA A ÉASCAÍONN
EISIÚINT VÍOSAÍ DO BHAILL DEN TEAGHLACH OILIMPEACH ATÁ AG GLACADH
PÁIRTE SNA CLUICHÍ OILIMPEACHA AGUS SNA CLUICHÍ PARA-OILIMPEACHA**

Caibidil I

CUSPÓIR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Cuspóir

Na nósanna imeachta agus na coinníollacha sonracha seo a leanas a éascaíonn iarratais ar víosaí agus a éascaíonn eisiúint víosaí aonfhoirmeacha gearrfhanachta do bhaill den teaghlach Oilimpeach ar feadh ré Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*].

Chomh maith leis sin, beidh feidhm ag forálacha ábhartha *acquis* an Chomhphobail maidir le nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar víosa aonfhoirmeach agus chun an víosa aonfhoirmeach a eisiúint.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- 1) I gcomhthéacs a bhfuil á bheartú chun na nósanna imeachta a éascú chun iarratais ar víosaí a dhéanamh thar ceann ball den teaghlach Oilimpeach ar feadh ré Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] agus chun víosaí a eisiúint dóibh, ciallaíonn "eagraíochtaí atá freagrach" na heagraíochtaí oifigiúla, i dtéarmaí na Cairte Oilimpí, atá i dteideal liostaí de bhaill an teaghlaigh Oilimpigh a chur faoi bhráid Choiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] d'fhonn cártaí creidiúnaithe a eisiúint do na Cluichí;

- 2) Ciallaíonn "ball den teaghlach Oilimpeach" aon duine ar comhalta é den Choiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, den Choiste Idirnáisiúnta Para-Oilimpeach, de Chomhaontais Idirnáisiúnta, de na Coistí Náisiúnta Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha agus de Choistí Eagrúcháin na gCluichí Oilimpeacha agus de na cumainn náisiúnta, amhail lúthchleasaithe, moltóirí/réiteoirí, traenálaithé agus teicneoirí spóirt eile, pearsanra míochaine atá ceangailte le foirne nó fir nó mná spóirt aonair agus tuairisceoirí atá creidiúnaithe ag na meáin, feidhmeannaigh shinsearacha, deontóirí, urraitheoirí nó daoine eile ar tugadh cuireadh oifigiúil dóibh agus a thoilíonn a bheith faoi threoir na Cairte Oilimpí, a ghníomhaíonn faoi rialú agus faoi údarás an Choiste Idirnáisiúnta Oilimpigh, a chuirtear san áireamh ar na liostaí de na heagraíochtaí atá freagrach agus a bhfuil creidiúnú tugtha dóibh ag Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] mar rannpháirtithe i gCluichí Oilimpeacha agus/ nó i gCluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*];
- 3) Ciallaíonn "cártaí creidiúnaithe Oilimpeacha" á n-eisiúint ag Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] i gcomhréir le [*tagairt don reachtaíocht náisiúnta*] ceann amháin de dhá dhoiciméad shlána, ceann amháin do na Cluichí Oilimpeacha agus ceann amháin do na Cluichí Para-Oilimpeacha agus grianghraf den sealbhóir ar gach ceann díobh, a dheimhníonn céannacht an bhaill den teaghlach Oilimpeach agus a údaraíonn rochtain ar na háiseanna ina réachtáiltear na comórtais agus imeachtaí sceidealta eile ar feadh ré na gCluichí;
- 4) Ciallaíonn "ré na gCluichí Oilimpeacha agus na gCluichí Para-Oilimpeacha " an tréimhse ó ... go ...do Chluichí Oilimpeacha Geimhridh [*bliain*] agus an tréimhse ó ... go... do Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*];
- 5) Ciallaíonn "Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*]" an Coiste a bunaíodh an [*tagairt d'fhorálacha náisiúnta*] chun Cluichí Oilimpeacha agus Cluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] a eagrú i/in/sa..., a dhéanann cinneadh faoi chreidiúnú a thabhairt do bhaill den teaghlach Oilimpeach a mbeidh páirt á glacadh sna Cluichí sin acu;
- 6) Ciallaíonn "seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint" na seirbhísí a ainmníodh i/in/sa [*an Ballstát a bhfuil na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Para-Oilimpeacha á n-eagrú aige*] chun na hiarratais a scrúdú agus chun víosaí a eisiúint chuig baill den teaghlach Oilimpeach.

Caibidil II

VÍOSAÍ A EISIÚINT

Airteagal 3 *Coinníollacha*

Ní fhéadfar víosa a eisiúint de bhun an Rialacháin seo ach amháin i gcás:

- (a) ina mbeidh an duine lena mbaineann ainmnithe ag ceann amháin de na heagraíochtaí atá freagrach agus é creidiúnaithe ag Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] mar rannpháirtí sna Cluichí Oilimpeacha agus/nó sna Cluichí Para-Oilimpeacha;
- (b) ina mbeidh i seilbh an duine lena mbaineann doiciméad bailí taistil a údaraíonn dó teorainneacha seachtracha a thrasnú, dá dtagraítear in Airteagal 5 de Chód Teorainneacha Schengen ¹.
- (c) nach duine é ar eisíodh foláireamh ina leith chun críocha cead isteach a dhiúltú;
- (d) nach measfar gur bagairt é do bheartas poiblí, do shlándáil náisiúnta nó do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit.

Airteagal 4 *Iarratas a chur isteach*

1. I gcás ina ndéanfaidh eagraíocht atá freagrach liosta de na daoine atá roghnaithe chun páirt a ghlacadh sna Cluichí Oilimpeacha agus/nó sna Cluichí Para-Oilimpeacha, féadfaidh sí, i dteannta le hiarratas ar chárta creidiúnaithe Oilimpeach do na daoine atá roghnaithe, iarratas tiomsaitheach a chur isteach ar víosaí do na daoine sin atá roghnaithe agus a bhfuil de cheangal orthu víosa a bheith ina seilbh acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, seachas i gcás ina mbeadh cead cónaithe ina seilbh acu, eisithe ag Ballstát, nó cead cónaithe á eisiúint ag an Ríocht Aontaithe nó ag Éirinn, i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE.

¹ IO L 105, 13.4.2006.

2. Seolfar iarratais thiomsaitheacha ar víosaí do na daoine lena mbaineann chuig Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] ag an tráth céanna a sheolfar iarratais ar chárta creidiúnaithe Oilimpigh i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaigh sé.
3. Cuirfear isteach iarratas amháin ar víosa in aghaidh an duine do dhaoine a ghlacfaidh páirt i gCluichí Oilimpeacha agus/nó i gCluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*].
4. Seolfaidh Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] chuig na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint, na hiarratais thiomsaitheacha ar víosaí a luaithe is féidir, mar aon le cóipeanna d'iarratais ar chárta creidiúnaithe Oilimpigh do na daoine uilig lena mbaineann, ar a mbeidh a n-ainm iomlán, a náisiúntacht, a ngnéas, dáta agus áit a mbreithe agus uimhir, cineál agus dáta éaga a bpas.

Airteagal 5

Scrúdú a dhéanamh ar an iarratas tiomsaitheach ar víosaí agus an cineál víosa a eiseofar

1. Is iad na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint a eiseoidh an víosa, tar éis scrúdú a dhéanamh le cinntiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 á gcomhlíonadh.
2. An víosa a eiseofar is an víosa aonfhoirmeach, gearrfhanachta, dul isteach iolraigh í, lena n-údarófar fanacht nach faide ná 3 mhí ar feadh ré Chluichí Oilimpeacha agus/nó Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*].
3. I gcás nach gcomhlíonann an ball den teaghlach Oilimpeach lena mbaineann na coinníollacha a shonraítear i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 3, féadfaidh na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint víosa a eisiúint a mbeidh bailíocht chríochach theoranta aici i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chód maidir le Víosaí.

Airteagal 6
Foirm na víosa

1. Dhá uimhir a bheidh sa víosa agus iontrálfar iad ar an gcárta creidiúnaithe Oilimpeach. An chéad uimhir is uimhir na víosa í. I gcás víosa aonfhoirmí, beidh seacht (7) gcarachtar san uimhir sin, sé (6) dhigit agus an litir "C" rompu. I gcás víosa a mbeidh bailíocht chríochach theoranta aici, beidh ocht (8) gcarachtar san uimhir sin, (6) dhigit agus na litreacha "XX" rompu¹. An dara huimhir is uimhir phas an duine lena mbaineann atá inti.
2. Seolfaidh na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint na huimhreacha víosa ar aghaidh chuig Coiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*] chun chríocha cártaí creidiúnaithe a eisiúint.

Airteagal 7
Táillí a tharscaoileadh

Ní dhéanfar na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint aon táillí a ghearradh as próiseáil na n-iarratas ar víosaí ná as eisiúint na víosaí.

¹ Following **COM** a reference to the ISO code of the organising country should be added here.

Caibidil III

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 8

Víosa a chealú

I gcás ina leasófar liosta na ndaoine a bheidh ina rannpháirtithe i gCluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha [*bliain*] sula gcuirfear tús leis na Cluichí, cuirfidh na heagraíochtaí atá freagrach é sin in iúl gan aon mhoill do Choiste Eagrúcháin Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Para-Oilimpeacha [*bliain*], ionas gur féidir cártaí creidiúnaithe na ndaoine a baineadh den liosta a tharraingt siar. Cuirfidh an Coiste Eagrúcháin é sin in iúl do na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint agus cuirfidh sé líon na víosaí atá i gceist in iúl freisin.

Cealóidh na seirbhísí atá freagrach as víosaí a eisiúint víosaí na ndaoine atá i gceist. Cuirfidh siad é sin in iúl láithreach do na húdaráis atá freagrach as seiceálacha teorann agus cuirfidh na húdaráis sin an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig údaráis inniúla na mBallstát eile.

Airteagal 9

Seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha

1. Ní dhéanfar seiceáil ar theacht isteach dóibh ar bhaill den teaghlach Oilimpeach ar eisíodh víosaí dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo, nuair a thrasnóidh siad teorainneacha seachtracha na mBallstát seachas seiceáil go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Ar feadh ré na gCluichí Oilimpeacha agus/nó na gCluichí Para-Oilimpeacha:
- (a) greamófar stampaí dul isteach agus stampaí imeacha den chéad leathanach glan de phas na mball sin den teaghlach Oilimpeach dá bhfuil sé sin riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Chód Teorainneacha Schengen. Ar dhul isteach den chéad uair, sonrófar uimhir na víosa ar an leathanach céanna;
 - (b) measfar go bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) (c) de Chód Teorainneacha Schengen comhlíonta a luaithe a chreidiúnófar go cuí ball den teaghlach Oilimpeach.
3. Beidh feidhm ag mír 2 maidir le baill den teaghlach Oilimpeach ar náisiúnaigh tríú tíortha iad, cibé acu an mbeidh siad faoi réir an cheanglais víosa faoi Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 nó nach mbeidh.
-